



Mar gheall orainn

Is comhlacht poiblí sinn a bunaíodh chun earnáil tithíochta ardfeidhmiúil a thacú agus a fhorbairt.

Is é ár ról díospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí a réiteach go saor agus go pras, clár náisiúnta tionóntachtaí a choinneáil agus sonraí agus comhairle i dtaobh na hearnála a sholáthar.

Leathnaíodh ár sainordú le déanaí chuig earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, agus mar sin athraíodh ainm an chomhlacht ón mBord Tionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (BTCP) go dtí An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC) mar léiriú ar an leathnú sin laistigh den earnáil cíosa.

Is féidir obair an BTC a roinnt ina trí phríomhréimse:



Clárú:

Ní mór do gach tiarna talún cónaithe príobháideach agus Comhlacht Ceadaithe Tithíochta, ar soláthraithe tithíochta neamhbhrabúis iad, a dtugtar Cumainn Tithíochta orthu go minic, a dtionóntaí a chlárú linn. Faoi dheireadh bliana 2015, bhí 319,609 dtionóntacht cláraithe linn, agus tá clár poiblí dár dtionóntachtaí ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Trí thionóntachtaí a chlárú, is féidir linn sonraí tábhachtacha i dtaobh na hearnála a bhailiú; is cuid thábhachtach é, leis, de rialú na hearnála agus de chinntiú go mbíonn tiarnaí talún agus tionóntaí ar an eolas faoina gcuid ceart agus freagrachtaí.



Réiteach Díospóidí:

Ó 2014 táimid tar éis áit na gcúirteanna a ghabháil i dtaca le formhór na ndíospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí a réiteach trínár Seirbhís Réitithe Díospóidí. Cuireann an tseirbhís seo rogha dhá réiteach ar fáil do pháirtithe – eadráin nó breithniú. Faoi dheireadh bliana 2015, bhí 4,023 iarratas faighte againn ar rd, an líon is mó go dtí seo.



Faisnéis agus Comhairle:

Cuirimid faisnéis agus comhairle ar ardchaighdeán ar fáil don phobal, do thionóntaí agus do thiarnaí talún maidir lena gcuid ceart agus oibleagáidí, ó thaobh cónaí agus cóiríocht a sholáthar san earnáil cíosa. Cuirimid sonraí ardchaighdeán ar fáil, leis, ar an earnáil cíosa, trína féidir linn monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí san earnáil sin agus a ligeann do dhaoine aonair seiceáil agus comparáid a dhéanamh idir chíosanna in áiteanna ar leith.



Clár

1	Teachtaireacht an chathaoirligh agus an stiúrthóra	3
2	2015 in amharc amháin	6
3	Athruithe ar Staid na hEarnála – An creat rialaithe in imeacht aimsire	8
4	Cláruithe agus Próifíl na hEarnála	10
5	Comhlíonadh cláraithe a chinntiú	14
6	Treochtaí cíosa	18
7	Gníomhaíochtaí réitithe díospóide 2015	21
8	Feasacht san earnáil a chur chun cinn	36
9	Seirbhís do chustaiméirí	39
10	Rialachas an RTB	42
11	Airgeadas an RTB	52
	Aguisín	74





1

Teachtaireacht an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra

Bliain dhúshlánach ach bliain éifeachtach ab ea 2015 don Bhord Tionóntachtaí Cónaithe (an BTC).



Catriona Walsh
Cathaoirleach



Rosalind Carroll
Stiúrthóir

Tá líon na dtionóntachtaí cláraithe ag dul i méid i gcónaí, agus bhí os cionn 319,000 tionóntacht cláraithe ag deireadh na bliana, rud a léiríonn méadú leanúnach na hearnála cíosa agus as a leanann éilimh bhreise dár seirbhísí.

Is léir go bhfuil cóiríocht ar cíos ag éirí níos coitianta i gcónaí mar chineál tionachta in Éirinn, a fhágann go bhfuil ról an BTC ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí. Ach ciallaíonn sé sin go mbeidh tionchar ag ár bhfeidhmíocht, agus an tslí ina gcuirtear ár seirbhísí ar fáil, ar líon níos mó daoine ná riamh cheana. Tá áthas orainn an tuarascáil bhliantúil seo a chur i láthair, ina dtugtar sonraí na slí inar cuireadh ár seirbhísí ar fáil anuraidh, ach anuas air sin, tugann sí pictiúr den méid atá ag tarlú san earnáil cíosa.

Bliain dheacair ab ea 2015 do thionóntaí agus do thiarnaí talún araon. Mhéadaigh cíosanna ar fud na tíre, nach mór, i bhfianaise a theoranta atá an soláthar cóiríochta ar cíos. Tá na cíosanna faoi bhun na mbuaicleibhéal i mórchuid den tír agus is cúis imní é do mhórchuid daoine cibé an féidir an cíos a íoc. Ag an am céanna, is iomaí tiarnaí talún ceannach le ligean atá fós i dtrioblóid lena gcuid morgáistí, a thaispeánann go bhfuil deacrachtaí oidhreacht sa mhargadh fós, bíodh is go bhfuil téarnamh éigin le brath. Is léir sin ón athrú ar nádúr na ndíospóidí idir an tiarnaí talún agus tionóntaí a chuirtear ar aghaidh chugainn. Ag buaic an mhargaidh, bhain formhór na ndíospóidí a cuireadh ar aghaidh chugainn le héarlaisí a coinníodh siar, ach inniu is le riaráistí cíosa a bhaineann a bhformhór, mar aon le fógraí foirceanta agus líonta tí a fhanann i gcóiríocht tar éis dháta an fhoirceanta.

“Is léir go bhfuil cóiríocht ar cíós ag éirí níos coitianta i gcónaí mar chineál tionachta in Éirinn, a fhágann go bhfuil **ról an BTC ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí.**

Ach ciallaíonn sé sin go mbeidh tionchar ag ár bhfeidhmíocht, agus an tslí ina gcuirtear ár seirbhísí ar fáil, ar líon níos mó daoine ná riamh cheana.”

Is é cuspóir an BTC earnáil cíosa dea-rialaithe a fhorbairt agus a thacú in Éirinn, chun comhleasa tiarnaí talún, tionóntaí agus an tsochaí ina hiomláine. Bainfear é sin amach trí na rudaí seo a leanas a chur ar fáil: clár náisiúnta tionóntachtaí, seirbhísí réitithe díospóidí atá tráthúil agus éifeachtach ó thaobh costais, agus comhairle agus faisnéis don earnáil. Chun tacú leis an earnáil sa timpeallacht dheacair oibriúcháin seo, dhíríomar ar fheabhsú leanúnach a dhéanamh ar agaí seirbhíse maidir le réiteach díospóidí, agus ar feasacht a chothú ar chearta agus ar fhreagrachtaí tiarnaí talún agus tionóntaí, agus ar fhaisnéis líne thosaigh a sholáthar do thionóntaí agus do thiarnaí talún ar na réimsí sin.

Anuraidh, d'fhreagraíomar líon ceisteanna ón bpobal ba mhó ná riamh maidir le clárú, cearta tionóntaí agus tiarnaí talún, díospóidí agus forghníomhú – 117,000 glao agus 49,000 ríomhphost. Chabhraigh an chomhairle agus an fhaisnéis a cuireadh ar fáil i gcásanna áirithe chun duine a choimeád ina bhaile, thacaigh sé le páirtithe chun a ndíospóidí a réiteach iad féin, nó thug sé tuiscint do thionónta nó do thiarna talún ar an méid atá i gceist le bheith mar chuid den earnáil cíosa in Éirinn.

D'éirigh linn feabhsú a dhéanamh ar agaí seirbhíse maidir le réiteach díospóidí, d'ainneoin gur cuireadh 4,000 cás díospóide ar aghaidh chugainn i 2015, i gcomparáid le 3,300 i 2014. Thóg sé ceithre seachtaine déag, ar an meán, díospóid a réiteach, ón iarratas go dtí an t-ordú cinnidh.

Ba é 7.5 seachtaine an meán-aga i gcásanna inar roghnaigh na páirtithe leas a bhaint as na seirbhísí eadrána teileafóin. Bíonn an-tábhacht le tionchar na n-agaí seirbhíse ar thionóntaí atá ag feitheamh ar éarlais a fháil ar ais agus ar thiarnaí talún a bhfuil riaráistí cíosa ag dul dó nó di agus atá ag iarraidh íocaíochtaí morgáiste a dhéanamh i gcónaí i dtaca le réadmhaoin. Tá ag éirí go maith lenár seirbhísí eadrána teileafóin, ní amháin de bhrí go bhfuil siad níos gaiste, ach anuas air sin toisc gur córas neamhsháraíochta iad agus gur gnách dá bharr do dhaoine a bheith níos sásta leis na torthaí.

Cuid thábhachtach eile d'obair an BTC is ea comhlíonadh a fhorghníomhú, ó thaobh ár róil mar rialaitheoir a chinntíonn go gcláraíonn gach tiarna talún a dtionóntachtaí linn, nó ó thaobh comhlíonadh a fhorghníomhú, i gcásanna ina n-eisímid orduithe cinnidh i dtaca le cásanna díospóide.

Fuaireamar 260 ordú cúirte i 2015 maidir le horduithe cinnidh a fhorfhaidhmiú. Comhlíonann formhór na bpáirtithe na horduithe cinnidh, ach sna cásanna eile, tá an chumhacht ag an BTC cásanna a thabhairt os comhair cúirte. Déanaimid ár ndícheall a mhéad cásanna is féidir a réiteach laistigh de na hacmhainní atá againn. Tionscnaíonn mórchuid páirtithe a n-imeachtaí féin, agus chun tacú leis sin, chuireamar leabhrán treorach i dtoll a chéile i 2015 chun tacú le páirtithe ar mian leo a n-imeachtaí cúirte féin a thionscnamh.



Cuid thábhachtach de rialú na hearnála is ea clárú tionóntachtaí, agus cinntíonn sé gur féidir tiarnaí talún agus tionóntaí a chur ar an eolas faoin gcuid ceart agus freagrachtaí. Anuraidh, bhraitheamar agus rinneamar teagmháil le breis is 22,000 tiarna talún neamhchláraithe. Chláraigh formhór na dtiarnaí talún tar éis teagmháil a dhéanamh linn, ach b'éigean ionchúiseamh a dhéanamh i gcás líon beag. D'ullmhaigh an BTC 49 gcás le hionchúiseamh sna cúirteanna i 2015, as ar lean cúig chiontú coiriúil agus ceithre toghairm dhéag eisithe, agus tá cásanna áirithe fós le héisteacht.

Ceann de na rudaí ba mhó a d'éirigh linn a dhéanamh i 2015 ná feachtas náisiúnta oideachais agus feasachta a sheoladh, dírithe ar thuiscint tiarnaí talún, tionóntaí agus geallsealbhóirí eile a mhéadú ar an BTC, agus ar a gcuid ceart agus oibleagáidí. Chualathas an feachtas ar an raidió, sna nuachtáin agus i bhfógraíocht ar líne, i dtrí chéim ar leith. Tá an earnáil tar éis fáis, agus tá níos mó daoine ná riamh ag fanacht ann. Dá réir sin, ní mór do lucht na hearnála a bheith ar an eolas faoin gcuid ceart agus freagrachtaí agus faoi na seirbhísí a thairgeann an BTC. Beidh an BTC ag díriú ar chúrsaí oideachais, feasachta agus cumhachtaí trí fhaisnéis a chur ar fáil sna blianta amach romhainn.

Is mó athrú a tharla i 2015. Sa dara cuid den bhliain rinneadh sraith athruithe ar an reachtaíocht lena rialaítear an earnáil cíosa, trínar fhéachadh leis an earnáil a athchóiriú agus a chobhsú. Tugadh isteach roinnt athruithe móra dlí faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) a ritheadh i 2015, agus beidh athruithe tábhachtacha eile á dtabhairt isteach faoin Acht sin de réir a chéile, i bhfoirm Ionstraimí Reachtúla. Ar na príomhathruithe beidh méadú ó 12 mhí go 24 mhí sa tréimhse idir arduithe cíosa tiarna talún, agus an ceanglas ar thiarnaí talún 90 lá d'fhógra roimh ré a thabhairt i gcás aon mhéadaithe (fógra 28 lá a bhí ann roimhe). Cuireadh síneadh, leis, leis na hagaí d'fhógraí foirceanta. Is féidir leis na hathruithe sin a bheith casta agus deacair a thuiscint. Dhíríomar ar an gcéad dul síos ar ár gcórais agus ár bhfoireann féin a ullmhú don athrú, agus táimid ag díriú ó shin ar thacú le geallsealbhóirí, tiarna talún agus tionóntaí i dtréimhse seo na n-athruithe, ionas go dtuigfidh siad an creat nua rialaithe agus go mbeidh ar a gcumas feidhmiú laistigh de. Athdhearbhaíonn sé sin ár ngealltanais leith oideachais agus feasachta san earnáil.

Beidh tuilleadh athruithe ag teacht ar an bhfód i 2016 agus i 2017, agus cuirfear scéim cosanta éarlaisí ar fáil leis. Ina theannta sin, beidh Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta mar chuid dár sainordú, mar aon le straitéis nua cíosa don earnáil. Athróidh ról an Bhoird de réir mar a chuirfear na hathruithe seo i bhfeidhm, agus beimid ag tacú le forbairt na hearnála cíosa a oirfidh do shochaí agus do gheilleagar na linne seo. Ach ar ball beag díreoimid ar an scéim cosanta éarlaisí a thabhairt isteach agus ar ár seirbhísí a fheabhsú. Díreoimid go háirithe ar na nithe seo a leanas: feidhmiúlacht TF an Bhoird a fheabhsú, tacú le caidreamh custaiméirí linn, díriú ar oideachas, feasacht agus cosaint díospóidí, iarracht a dhéanamh tacú le forghníomhú cásanna nuair nach gcomhlíonann páirtithe ár n-orduithe; agus ar deireadh, leas a bhaint as an bhfaisnéis agus na sonraí atá cruinnithe againn chun bheith inár ionad saineolais ar an earnáil cíosa.

Agus focal buíochais mar fhocal scoir. Ba é 2015 an bhliain iomlán deiridh ar an mBord do Anne Marie Caulfield, Stiúrthóir an Bhoird, tar éis seacht mbliana a chaitheamh i gceannas na heagraíochta. Tá an-mholadh ag dul di as an gceannaireacht a thug sí lena linn, fad a bhí feabhsuithe drámata á ndéanamh ar agaí seirbhíse, an t-innéacs cíosa á thabhairt isteach, atá anois ina phríomhuirlis mhonatóireachta don mhargadh cíosa; agus slite nua gnó á dtionscnamh, lena n-áirítear na chéad seirbhísí eadrána teileafóin in Éirinn. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil léi as an obair mhór a rinne sí.

A mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil, leis, le comhaltaí an Bhoird, comhaltaí na gcoistí, an fhoireann agus eadránaithe neamhspleácha, breithneoirí agus comhaltaí de bhinsí as a gcuid díograis. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil lenár ngeallsealbhóirí, tiarna talún agus tionóntaí uile as a bheith rannpháirteach linn ó cheann ceann na bliana.

Táimid ag tnúth le héisteacht lenár ngeallsealbhóirí, le tiarnaí talún agus tionóntaí agus dul i mbun oibre leo chun tacú le forbairt leanúnach ar an earnáil cíosa.

Catriona Walsh
Cathaoirleach

Rosalind Carroll
Stiúrthóir

2

2015 in amharc amháin

Cláruithe



Thacaíomar le
319,600
tionóntacht chláraithe,

arb ionann é agus **693,000** áititheoir
– suas ó **303,500** i 2014



Cláraíodh



105,566

thionóntacht nua i 2015 -

anuas ó **112,873** i 2014,
rud a léiríonn soláthar níos teoranta



Tugadh faoi **fheachtas fógraíochta agus feasacht** ar fud na tíre, chun tuiscint tionóntaí agus tiarnaí talún ar a gcuid ceart agus oibleagáidí a fheabhsú



An Earnáil a Thacú



Anuraidh, fuaireamar líon níos mó glaonna ná riamh roimhe sin

117,000

mar aon le


49,000 ríomhphost

ó thionóntaí, tiarnaí talún, gníomhairí agus daoine eile a oibríonn nó a chónaíonn san earnáil cíosa.



Thugamar isteach comhrá gréasáin i **2015** chun tacú le tiarnaí talún a chláraíonn a dtionóntachtaí ar líne. Mhéadaigh clárú ar líne go **55%**, suas ó 48% i 2014.

Seirbhísí Réitithe Díospóidí



Chuireamar seirbhísí réitithe díospóidí ar fáil do


4,023

dhíospóid, i gcomparáid le 3,374 dhíospóid i 2014

B'ionann sin agus **19%** de mhéadú ach fós bhí laghdú á dhéanamh i gcónaí ar agaí próiseála, ó sé mhí i 2014 go ceithre mhí i 2015, arb ionann é agus 33% de laghdú.



Sna hocht mbliana deireanach, **rinneadh laghdú suntasach ar agaí feithimh** ar sheirbhísí réitithe díospóidí.



Forfheidhmiú

Forfheidhmíodh **23,000** fógra forghníomhaithe nach mór do thiarnaí talún neamhchomhlíontacha toisc nár chláraigh siad.

Ullmhaíodh **49** gcás lena n-ionchúiseamh. As sin fuarthas **5** chiontú coiriúil agus eisíodh **14** thoghairm dhéag.



Fuair an BTC **260** ordú cúirte forfheidhmithe maidir le tiarnaí talún agus tionóntaí ar theip orthu ár nOrduithe Cinnidh maidir le cásanna díospóide a chomhlíonadh.



3

Athruithe ar Staid na hEarnála

An creat rialaithe in imeacht aimsire

Le hachtú an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) 2015 an 4 Nollaig 2015 ag an rialtas, tugadh isteach mórchuid athruithe chun an margadh tithíochta cíosa in Éirinn a athchóiriú agus a chobhsú.



Gné amháin den Acht, a tháinig i bhfeidhm láithreach i Nollaig 2015, ab ea bearta um chinnteacht cíosanna, a chuireann le rialú athbhreithnithe cíosa. Ciallaíonn na bearta seo nach ceadmhach do thiarnaí talún cíosanna a ardú ach uair amháin gach 24 mhí, agus is gá dóibh, leis, fógra 90 lá a thabhairt i dtaobh aon mhéadaithe ar chíos (28 lá a bhí i gceist roimhe seo). Anuas air sin, ní mór d'aon mhéadú staid reatha an mhargaidh a léiriú – ní mór do thiarnaí talún cíosanna do thrí cinn d'áitribh inchomparáide agus fógra d'athbhreithniú cíosa á thabhairt. Dearadh na hathruithe chun tuilleadh cinnteachta a thabhairt do thionóntaí, mar aon le tuilleadh ama chun ullmhú faoi choinne méadú agus chun breithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil an méadú inchosanta.

“**Gné amháin den Acht, a tháinig i bhfeidhmláithreach i Nollaig 2015, ab ea **bearta um chinnteacht cíosanna****”

Ceanglaíodh na hathruithe le neartú na slándála tionachta, trí shíneadh a chur le hagaí fógra d'fhoirceannadh tionóntachtaí. Leasaíodh na hagaí fógra a chaithfidh tionóntaí agus tiarnaí talún araon a thabhairt – ní mór do thiarnaí talún a raibh tionóntacht i bhfeidhm ar feadh os cionn ocht mbliana fógra 224 lá a thabhairt sular féidir an tionóntacht sin a fhoirceannadh.

Tabharfar isteach athruithe eile i 2016 agus 2017. Orthu sin beidh:

- **Leathnú a dhéanamh ar shainordú an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe chuig Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.**
- **Seirbhísí eadrána saor in aisce a thabhairt isteach.**
- **A cheangal ar thiarnaí talún fianaise nó cruthúnas a chur san áireamh mar fhorais chun cásanna áirithe a fhoirceannadh, ar nós tiarnaí talún a bheith ag díol nó ag athchóiriú réadmhaoine.**
- **Athruithe ar ár struchtúir rialachais.**
- **Foráil a dhéanamh le haghaidh botún nó easnamh i bhfógra foirceanta.**
- **Scéim Cosanta Éarlaisí a thabhairt isteach.**

Cé go gcuirfear fáilte roimh na hathruithe seo, tréimhse dhúshlánach a bheidh ann don BTC ó thaobh athrú chomh suntasach a chur i gcrích; agus ina theannta sin do thiarnaí talún, tionóntaí agus geallsealbhóirí eile, a bheidh ag iarraidh dul i dtaithí ar an athrú agus a gcuid ceart agus freagrachtaí nua a thuiscint. Píosa casta reachtaíochta is ea an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, atá ina chrann taca faoi rialú na hearnála. agus beidh ualach níos mó ar an BTC chun tacú agus cabhrú le daoine chun déanamh dá réir.

Gheall an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil straitéis chíos a fhoilsiú, leis, i 2016. Beidh sé sin ina threochlár don earnáil sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma le cinntiú gur earnáil inmharthana a bheidh ann i gcónaí agus go mbeidh sé oiriúnach don fheidhm, go gcomhlíonfaidh sé riachtanais an phobail a thógann cóiríocht ar cíós agus go dtacóidh sé le soláthar cóiríochta. Is cinnte go mbeidh an straitéis sin ina chúis le tuilleadh athruithe, ach cothóidh sé cinnteach sa mhéid a mbeifear ag súil leis ón earnáil san fhadtéarma.

4 Clárúithe agus Próifíl na hEarnála

Tá tábhacht thionacht na hearnála cíosa ag dul i méid i gcónaí in Éirinn, agus tá méadú suntasach tagtha air le blianta beaga anuas.



Thaispeáin an daonáireamh is déanaí go bhfuil cóiríocht phríobháideach ar cíos ag duine amháin as gach cúigear. Má chuirtear an earnáil cíosa shóisialta san áireamh, méadaítear an figiúr seo go duine amháin as gach triúr. Mar sin is céatadán suntasach anois de thionachtaí tithíochta na hÉireann é an earnáil cíosa agus tá gach cosúlacht air gur mar sin a bheidh feasta.

Cuid ríthábhachtach de rialú na hearnála is ea tionóntachtaí a chlárú, agus tá sé tábhachtach, leis, ó thaobh sonraí ar an earnáil a chur ar fáil chun go dtuigimid a bhfuil ag tarlú san earnáil.

An bhfuil líon na dtionóntaí ag dul i méid? An bhfuil tionóntaí ag fanacht sa réadmhaoin ar feadh tréimhsí níos faide ná cheana? An bhfuil líon na dtiarnaí talún ag dul i méid nó i laghad? Gheofar sa roinn seo a leanas sonraí ar chlárú tionóntachtaí i 2015 agus an méid a léiríonn sé dúinn faoin phróifíl reatha na hearnála.

Maidir le Clárú Tionóntachtaí

Ní mór do thiarnaí talún cónaithe príobháideacha iarratas a dhéanamh chuig an mBord chun tionóntacht a chlárú laistigh de mhí amháin ón dáta ar cuireadh tús leis an tionóntacht. Is é €90 in aghaidh na tionóntachta an táille chaighdeánach. Maoiníonn na táillí clárúcháin gníomhaíochtaí an Bhoird agus rialú na hearnála.

Figiúr 1.0

Gníomhaíochtaí Clárúcháin 2015	
Líon iomlán na dtionóntachtaí	319,609
Líon na dtiarnaí talún	170,282
Líon na n-áititheoirí	693,314
Líon iomlán na gcomhaontuithe tionóntachta nua a cláraíodh in 2015	105,566
Meánlíon na n-iarratas nua sa lá	421
Cistí a íocadh le hÚdaráis Áitiúla chun tabhairt faoi chigireacht íoschaighdeáin	€2.2m



Figiúr 1.1

Clárú Tionóntachtaí 2006–2015										
Bliain	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015
Clárú nua	54,000	80,849	85,904	95,969	101,888	99,914	97,181	111,778	109,162	105,566
Iomlán na gClárúithe	137,961	202,078	206,054	234,582	231,818	260,144	264,434	282,918	303,574	319,609
% d'athrú		46%	2%	13.8%	-1.2%	12.2%	1.6%	7%	7.3%	5.3%
Líon na dT.T. a chláraigh.	83,102	92,311	100,819	116,577	145,021	182,800	212,306	179,026	160,160	170,282
% d'athrú		11.1%	9.2%	15.6%	24.4%	26.1%	16.1%	-15.7%	-10.5%	6.3%

Iomlán na gClárúithe


Ba é 319,609 líon na dtionóntachtaí cláraithe ag deireadh bliana 2015; chuimsigh sé sin 700,000 áititheoir nach mór agus 170,000 tiarnaí talún, nó mar sin. Is féidir é sin a chur i gcomórtas leis an 303,574 thionóntacht a bhí cláraithe ag deireadh 2014, a chuimsigh tuairim is 643,000 tionónta agus 160,000 tiarnaí talún. B'ionann sin agus 5% de mhéadú ar líon iomlán na dtionóntachtaí san earnáil cíosa, agus 12% de mhéadú i gcomparáid le 2013, agus léiríonn sé treocht leanúnach fáis san earnáil. Mhéadaigh líon na dtiarnaí talún de 6% ó 160,000 i 2014 go os cionn 170,000 i 2015.

Tionóntachtaí nua

Ceann de na hathruithe ba shuntasáil le tamall anuas san earnáil ná an laghdú i 2015 ar thionóntachtaí nua a chruthú. Maidir le gníomhaíocht nua, feicfear sa tábla thíos go bhfuair an BTC 105,566 iarratas ar thionóntacht nua a chlárú i 2015. Bhí líon na gclárúithe nua tionóntachta a fuarthas i 2015 níos ísle de bheagán, de 6% agus beagán le cois i gcomparáid le 2014.

Figiúr 1.2

Iarratais nua ar Chlárú a Fuarthas 2012–2015



Léiríonn an laghdú seo ar líon na gclárúithe nua tionóntachtaí (féach An chairt ag figiúr 1.1) staid reatha an mhargaidh, mar a bhfuil teorainn leis an soláthar cóiríochta ar cíos. Ní mór a chur san áireamh, fós féin, go bhfuil líon na dtionóntachtaí ag dul i méid i gcónaí. Léiríonn an treocht nua go bhfuil daoine ag caitheamh tréimhsí níos faide sa tionóntacht chéanna, seachas an earnáil uile a bheith ag crapadh. Tá cúiseanna éagsúla leis an bhfás san earnáil, lena n-áirítear laghdú ar líon na ndaoine a roghnaíonn úinéireacht tí mar a rogha tionachta; fachtóirí déimeagrafacha, agus imirce isteach san áireamh; laghdú ar mhéid teaghlach; an teacht ar airgeadas; agus méadú ar an ráta ag a gcruthaítear teaghlaigh nua.

“Ba é **319,609** líon na dtionóntachtaí cláraithe ag deireadh bliana 2015; chuimsigh sé sin **700,000** áititheoir nach mór agus **170,000** tiarnaí talún.”

Ár Modh Gnó – Gníomhaíocht ar líne a mhéadú

Ciallaíonn an méadú ar an líon san earnáil cíosa go bhfuil bonn suntasach custaiméirí ag an BTC mar ghnó, de bhrí go bhfuil 20% den daonra nach mór i gcóiríocht ar cíos anois. Is dúshlán é clár den scála seo a choimeád agus seirbhís ar ardchaighdeán do chustaiméirí a chur ar fáil don oiread sin tiarnaí talún agus tionóntaí agus ní mór dúinn slite éagsúla a bheith againn chun tacú lenár gcaidreamh le custaiméirí.

Is tosaíocht den BTC é an ghníomhaíocht ar líne a mhéadú mar chuid dár straitéis chun seirbhís níos fearr a chur ar fáil do chustaiméirí agus chun clárúithe a phróiseas ar shlí níos tapa agus níos éifeachtaí ó thaobh costas. Is uirlis thábhachtach é chun cruinneas a fheabhsú, de bhrí go n-aibhseoidh an córas é má tá codanna den fhoirm chlárúithe neamhlíonta. As sin leanann laghdú ar líon na bhfoirmeacha neamhiomlána, agus ar chostais riaracháin agus méadú ar a éifeachtúlachtaí atá an BTC.

Thugamar Comhrá Gréasáin isteach i 2015 chun tacú le tuilleadh gníomhaíochta ar líne. Cabhraíonn sé seo le custaiméirí a roghaíonn teagmháil a dhéanamh linn tríd ár dtairseach ar líne. Le Comhrá Gréasáin is féidir linn cumarsáid san fhíor-am a dhéanamh leis an gcustaiméir ar líne, chun cabhrú leo le haon deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu agus an tairseach in úsáid acu. Dá thoradh sin agus bearta eile, mhéadaigh clárúithe ar líne ó 48% i 2014 go 55% i 2015. Leanfaimid ar aghaidh ag infheistiú sa chóras ar líne, chun taithí an úsáideora a fheabhsú agus chun tiarnaí talún a spreagadh chun ár seirbhís ar líne a úsáid a mhéad is féidir.

Maoiniú an BTC le Clárúithe

Maoinítear rialú na hearnála cíosa tríd an táille chlárúcháin. B'fhiú €11,219,402 líon na n-iarratas ar chlárú a fuarthas i 2015. Ar aon dul leis an laghdú ar líon na n-iarratas ar thionóntacht nua a chlárú, bhí luach na gclárúithe a fuarthas i 2015 €752,673 nó 6% níos ísle ná i 2014. Meastar go leanfar den treocht seo de laghdú ar ioncam ó chlárúithe sa staid reatha soláthair, de bhrí go bhfuil níos mó tionóntaí ag fanacht ina gcuid áiteanna cónaithe ar feadh tréimhsí níos faide ná cheana agus tá laghdú ar líon na gclárúithe nua gach bliain, as a leanann laghdú ar tháillí clárúcháin. Is dúshlán eile é sin a bheith le scrúdú ag an BTC i 2016.

Figiúr 1.3

Táillí Clárúithe Tionóntachtaí	
Iarratas iomlán in am, .i. fuarthas é laistigh de mhí ó thús na tionóntachta	€90
Iarratas iomlán déanach, .i. fuarthas é lasmuigh de mhí ó thús na tionóntachta	€180
Iarratais iolracha ar thionóntachtaí in aon fhoirgneamh amháin, faoi úinéireacht thiarna talún amháin (táille ilchodach)	€375
Clárú an tríú tionóntachta don fhoirgneamh céanna leis an tiarna talún céanna i dtréimhse 12 mhí.	Táille ar bith

Maoiniú na nÚdarás Áitiúil ag an BTC, chun Íoschaighdeáin a Fhorfheidhmiú

De bhun treoracha sonracha íocaíochta a rinne an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, rinneadh an cúigiú cuid den ioncam ón táille chlárúcháin a leithdháileadh ar na hÚdaráis Áitiúla in 2015 chun costais cigireachtaí ar chóiríocht phríobháideach ar cíos a ghlanadh. Choinnigh an BTC an fuilleach chun a chostais oibriúcháin féin a chlúdach. Coinníonn an BTC an t-airgead seo i gcáil iontaobhaí. Ba é €2.2 mhilliún an méid a leithdháil an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil do na hÚdaráis Áitiúla i 2015, rud a thug an t-iomlán a thug an BTC d'údaráis áitiúla ó 2004 go €31.1 mhilliún. Gheofar tuilleadh faisnéise ar rátaí cigireachta údaráis áitiúil agus na híoschaighdeáin nua maidir le Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos ar shuíomh gréasáin na Roinne: www.envron.ie.

“**Léiríonn an laghdú seo ar líon na gclárúithe nua tionóntachtaí staid reatha an mhargaidh, mar a bhfuil teorainn leis an soláthar cóiríochta ar cíos. Ní mór a chur san áireamh, fós féin, go bhfuil líon na dtionóntachtaí ag dul i méid i gcónaí.**”





Conas seiceáil cibé an bhfuil tionóntacht cláraithe

Sliocht as clár na dtionóntachtaí is ea an clár foilsithe, agus gheofar ann sonraí ó na foirmeacha clárúcháin a chuireann tiarnaí talún nó gníomhairí ar fáil. Gheofar sa chlár:

- seoladh na háite cónaithe ar cíós;
- cur síos ar an áit chónaithe;
- líon na seomraí leapa agus spásanna leapa; agus
- an t-achar

Ní fhaightear aon fhaisnéis sa chlár foilsithe trína bhféadfaí tiarnaí talún nó tionónta, ná an cíós iníoctha, a shainaithint. Gheofar é ar ár suíomh gréasáin:

[www.rtb.ie](https://portal.rtb.ie/public_registrations.aspx) at https://portal.rtb.ie/public_registrations.aspx

Chun an clár foilsithe a sheiceáil, cliceáil ar TIONÓNTAÍ ar an leathanach baile, agus cliceáil ar an deilbhín



“An bhfuil Mo Thionóntacht Cláraithe?”

Ansin, cliceáil isteach sa chontae ceart, agus cuardaigh faoi sheoladh na háite cónaithe ar cíós. Gheofar an clár i bhfoirm Excel agus i bhfoirm PDF. Tugtar an clár foilsithe chun dáta gach seachtain.

5

Comhlíonadh Clárúcháin a Chinntiú

Ní dhéanann an BTC aon fhaillí i ngníomhú in aghaidh tiarnaí talún nach gcomhlíonann an oibleagáid atá orthu tionóntachtaí dá gcuid a chlárú.



Is féidir tiarnaí talún a ionchúiseamh faoi imeachtaí coiriúla as loiceadh tionóntacht a chlárú. D'fhéadfaí fíneáil nó téarma príosúnachta a ghearradh ar dhuine a chiontaítear as loiceadh fógra a chomhlíonadh, mar aon le €250 d'fhíneáil laethúil as cion leanúnach. Is féidir suas le €4,000 d'fhíneáil agus/nó téarma príosúnachta a ghearradh i láthair na huaire. Anuas air sin, i gcás tionóntachta neamhchláraithe, ní féidir leis an tiarnaí talún leas a bhaint as seirbhísí réitithe díospóidí an BTC má thagann fadhb chun cinn sa tionóntacht sin.

Chun dul sa tóir ar neamhchomhlíonadh, faigheann an BTC faisnéis ar áiteanna cónaithe ar cíós ó fhoinsí éagsúla. I gcás ina n-aithnítear neamhchomhlíonadh, eisítear fógra agus litreacha rabhaidh don tiarnaí talún. I gcás ina loictear clárú, tionscnaítear forfheidhmiú trí na cúirteanna. Seo thíos achoimre ar ghníomhaíochtaí an BTC i 2015.

**“ I 2015, eisíodh
22,858 fógra
agus litir
forfheidhmithe
do thiarnaí talún ”**



Foinsí faisnéise

Faigheann an Bord faisnéise ar áiteanna cónaithe ar cíós ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear:

Figiúr 1.4

Foinsí Faisnéise	
Faisnéis ó	Sonraí
Ranna Díospóide & Clárúcháin	Go himmheánach sa BTC
An Roinn Coimirce Sóisialaí	Bunachar Sonraí an Fhorlíonta Cíos
Údaráis Áitiúla	Caighdeán do Chigireachtaí ar Áiteanna Cónaithe ar Cíos, an Scéim Chóiríochta ar Cíos
An Pobal i gCoitinne	Comharsana, Tionóntaí
Eile	Teachtaí Dála, Comhairleoirí, Gardaí

Cuirtear sonraí ó na foinsí thuas i gcomparáid lenár gclár féin, chun tionóntachtaí neamhchláraithe a shainaithint.

Fógraí agus Litreacha Forfheidhmithe a Eisíodh

Geallann an BTC a chinntiú go mbíonn tiarnaí talún ar an eolas faoina n-oibleagáid tionóntacht a chlárú, agus go ndéanann siad dá réir. Déantar é seo ar an gcéad dul síos trí fhógra ginearálta faisnéise a eisiúint do gach tiarnaí talún ar ár mbunachar sonraí. I gcásanna ina leanann tiarnaí talún den neamhchomhlíonadh, eisíonn an BTC fógraí forfheidhmithe reachtúla, agus litreacha rabhaidh ó dhlíodóirí ina dhiaidh sin. I gcásanna áirithe, ar mhaithe le soiléire, seolaimid fógra áititheora chuig seoladh na háite cónaithe. Tugtar gach deis don tiarnaí talún a bheith comhlíontach sula dtionscnaítear imeachtaí cúirte.

I 2015, eisíodh 22,858 fógra agus litir forfheidhmithe do thiarnaí talún, bunaithe ar na foinsí faisnéise atá liostaithe thuas. Tá sé beagán níos ísle ná figiúr 29,293 2014, agus léiríonn sé go bhfuil ráta comhlíonta tiarnaí talún ag dul i méid.

Seo a leanas miondealú ar ár ngníomhaíochtaí i 2015.

Figiúr 1.5

Fógraí/Litreacha Forghníomhaithe Clárúcháin Eisithe	
Cineál an Fhógra/na Litreach	Líon
Fógraí Ginearálta Faisnéise (ag cur tiarnaí talún ar an eolas faoina n-oibleagáid dlí clárú faoin Acht, agus na pionóis as neamhchomhlíonadh)	15,305
Fógraí Oifigiúla Forfheidhmithe (á chur in iúl do thiarnaí talún go mbeartaíonn an Bord ionchúiseamh a thionscnamh mura gcláraítear an tionóntacht)	6,850
Litreacha Rabhaidh ó Dhlíodóirí	699
Fógraí d'Áititheoirí in áiteanna cónaithe ar cíós, ag iarraidh sonraí na tionóntachta	4
Iomlán	22,858

Den 22,858 fógra forfheidhmithe agus litir rabhaidh a eisíodh do thiarnaí talún neamh-chomhlíontacha i 2015, taispeántar miondealú sa tábla seo a leanas de na fógra litreacha sin de réir foinse.

Figiúr 1.6


Líon na bhFógraí/Litreacha a Eisíodh	
Foinse	Líon na bhFógraí/Litreacha a Eisíodh
Go himmheánach	2,644
An Roinn Coimirce Sóisialaí	15,054
Údaráis Áitiúla	3,854
An Pobal i gCoitinne	1,231
Teachtaí Dála, Gardaí agus Eile	75

Cé mhéad cás a fhorfheidhmíodh trí na cúirteanna?

I 2015, ullmhaíodh 49 gcás chun tiarnaí talún a ionchúiseamh as loiceadh tionóntachtaí a chlárú, d'ainneoin fógraí reachtúla agus litreacha dlíodóirí a bheith faighte acu inar iarradh orthu déanamh amhlaidh. Lean ceithre thoghairm déag Cúirte Dúiche as sin. Anuas air sin, tugadh cúig chás ar aghaidh ó 2014 – ceann amháin le héisteacht agus ceithre cinn le haghaidh pianbhreithe. Den naoi gcás déag le héisteacht / pianbhreith i 2015, seo a leanas na torthaí ag deireadh bliana:

Figiúr 1.7

Imeachtaí Dlí ar Leibhéal na Cúirte Dúiche 2015



Le cois ciontú a fháil, nó an t-acht promhaidh agus bronntanas éigeantach do charthanas i gcásanna áirithe, ordaíodh do na tiarnaí talún i dtrácht fíneálacha cúirte agus costais dlí an BTC a íoc.

B'ionann agus €48,000 agus le cois na costais agus na fíneálacha seo, rud a léiríonn go soiléir dearcadh na gCúirteanna i leith neamhchlárú tionóntachtaí agus na hiarmhairtí tromchúiseacha do thiarnaí talún a loiceann clárú. Ceann de na príomhchúiseanna le dearcadh láidir na gCúirteanna ná gurb eol dóibh go ndéanann an BTC gach is féidir gan tiarnaí talún a ionchúiseamh agus go dtugtar rabhaidh éagsúla do thiarnaí talún faoina dtarlóidh mura gcláraíonn siad. Ach má theipeann ar thiarnaí talún aird a thabhairt ar na rabhaidh seo, eiseoidh an Bord imeachtaí dlí.

Figiúr 1.8

Torthaí/Stádas Cásanna – Comparáid Bhliantúil	2013	2014	2015
Toghairmeacha eisithe	50	21	14
Cásanna a tugadh ar aghaidh ó bhliain roimhe sin	0	13	5
Cásanna a aistarraingíodh roimh éisteacht	0	1	0
Cásanna le héisteacht/le haghaidh pianbhreithe (Gan achomhairc san áireamh)	50	35	19
Curtha san áireamh (i gcás ina dtionscnaítear níos mó ná cás amháin in aghaidh an tiarna talún chéanna, agus go gcuireann an breitheamh é sin san áireamh agus pianbhreith á tabhairt, .i. ní thugann sé pianbhreith i ngach ceann)	6	9	0
Scríosta amach	4	2	1
An tAcht Promhaidh curtha i bhfeidhm			8
Ciontuithe	27	17	5
Ag feitheamh ar éisteacht / pianbhreith (Cásanna le tabhairt ar aghaidh)	13	5	5



Caingean Cúirte - Achomhairc

Déantar ciontuith a achomharc chuig an gCúirt Chuarda. Fuarthas ceithre achomharc i 2015, le cois na 12 chás a tugadh ar aghaidh ó 2014. Taispeánfar sa chairt seo a leanas torthaí na sé achomharc déag sin ag deireadh bliana.


Figiúr 1.9

Imeachtaí Dlí ar Leibhéal na Cúirte



Orduithe Folmhaithe/
Achomharc ar seasadh leis

12



Achomhairc – éisteach/
pionós ar feitheamh
ag deireadh bliana

3



Achomharc scriosta amach/
nóir seasadh leis

1



Chuaigh an BTC isteach sa chúirt 72 huaire i 2015 maidir le clárúithe tionóntachtaí a fhorfheidhmiú.

(Is gá dul isteach níos mó ná uair amháin i bhformhór na gcásanna.) Gníomhaíocht chriticiúil is ea é oibleagáid tiarnaí talún chun tionóntacht a chhlárú a fhorheidhmiú, ionas gur féidir linn faisnéis chruinn chothrom le dáta a ghabháil chun an earnáil a rialú. Cinntíonn sé leis go bhfaighimid an t-ioncam clárúcháin is gá chun an BTC a rith agus chun íoc as cigireachtaí údaráis áitiúil ar áiteanna cónaithe ar cíós.



6

Treochtaí Cíos

Tá ról an BTC ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí, i bhfianaise na mbrúnna ar an margadh tithíochta i láthair na huaire, ó thaobh sonraí ar an earnáil cíos a chur ar fáil.



Cuirimid Innéacs Cíosanna ráithiúil ar fáil, i gcomhar leis an Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta, bunaithe ar cheann de na bunachair sonraí cíosanna is forleithne sa tír. Cuirtear meánsraith sonraí cíos ar fáil, leis, ionas gur féidir le daoine an meánchíos a sheiceáil i gcás cúig chatagóir éagsúla áiteanna cónaithe in áiteanna ar fud na tíre, idir uirbeach agus tuaithe. Ciallaíonn sin gur féidir le daoine an cíos atá á íoc ina gcomharsanacht féin a sheiceáil, agus is féidir linn treochtaí sa mhargadh cíos a rianú.

Taispeántar san Innéacs Cíosanna gur mhéadaigh cíosanna tuilleadh i 2015, cé gur mhaolaigh an ráta fáis i bhformhór na n-earnálacha sa cheathrú ráithe. Le blianta beaga anuas, lagaigh an méadú ar chíosanna sa cheathrú ráithe tar éis ardleibhéil ghníomhaíochta i Ráithe 3, ar aon dul leis an éileamh ar chóiríocht do mhic léinn sa tréimhse sin. Tá na huimhreacha do Ráithe 4, 2015, ar aon dul leis na treochtaí roimhe seo. Bhí cíosanna 9.8% níos airde ag deireadh 2015, ar fud na tíre, i gcomparáid leis an gceathrú ráithe de 2014. Bhí an cíos ar thithe 9.7% níos airde do thithe ar fud na tíre, agus cíosanna árasán 11.3% níos airde, i Ráithe 4 2015 ná sa ráithe céanna de 2014. Tháinig fás láidir de 9.1% ar an margadh cíos i mBaile Átha Cliath, leis. I mBaile Átha Cliath, mhéadaigh cíosanna tithe de 9.8% agus cíosanna árasán de 8.9%.


Bhí an fás sa mhargadh cíosanna laistigh de Bhaile Átha cliath níos láidre: 9.8% i Ráithe 4 de 2015, i gcomparáid le Ráithe 4 de 2014. Bhí difríocht idir cíosanna tithe agus árasán anseo, leis. Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, mhéadaigh cíosanna tithe de 9.4% agus cíosanna árasán de 11.2%.

Taispeántar san Innéacs Cíosanna gur shroich cíosanna buaicphointe náisiúnta sa cheathrú ráithe de 2007, sular laghdaigh siad de 25.7% go dtí an pointe ab ísle sa chéad ráithe de 2012. Bhí cíosanna ar fud na tíre 9.1% faoi bhun a mbuaic i Ráithe 4. Bhí an buaicphointe go pointe íseal i margadh Bhaile Átha Cliath mórán mar an gcéanna ar fud na tíre, ach chiallaigh neart an téarnaimh i mBaile Átha Cliath nach raibh cíosanna i Ráithe 4, 2015 ansin ach 0.4% faoi bhun a mbuaic i Ráithe 4, 2007. I gcomórtas leis sin, d'fhás an margadh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ar shlí níos moille, agus mar sin bhí leibhéal cíosanna 14.3% faoi bhun a mbuaiceanna.




Innéacs Cíosa an Bhoird – Go Náisiúnta

Figiúr 2.0




Innéacs Cíosa an Bhoird – BAC

Figiúr 2.1



Innéacs Cíosa an Bhoird – Lasmuigh de BÁC

Figiúr 2.2




Conas an tInnéacs Cíosanna a Sheiceáil

Chun an tInnéacs Cíosanna agus na meánchíosanna i do cheantar a sheiceáil, logáil isteach ar shuíomh gréasáin an BTC ag www.rtb.ie.

Clliceáil ar an deilbhín “Innéacs Cíosanna”, ansin gabh chuig an bpainéal nascleanúna ar chlé an scáileáin agus clliceáil ar “innéacs cíosanna”. Gheobhaidh tú naisc ansin chuig an innéacs cíosanna ráithiúil is déanaí agus chuig na meánchíosanna i do cheantar féin. Chun féachaint ar na meánchíosanna, clliceáil ar “meánchíosanna i mo cheantar” agus ó roghchlár simplí anuas, is féidir leat suas le cúig chineál réadmhaoina a roghnú in aon ráithe ó dheireadh 2007 ar aghaidh, chun an meánchíos i d’áit roghnaithe a fheiceáil. Roghnaithearna háiteanna bunaithe ar mhéid andaonra agus ar mhéid antacair shonraí. Léiríonn toradh (0.00) sonraí neamhleor don cheantar sinn.



“Taispeántar san Innéacs Cíosanna gur mhéadaigh cíosanna tui-lleadh i 2015, cé gur mhaolaigh an ráta fáis i bhformhór na n-earnálacha sa cheathrú ráithe”



7

Gníomhaíochtaí Réitithe Díospóidí 2015

Ceann amháin de phríomhspríocanna an BTC is ea seirbhísí réiteach díospóidí tapa éifeachtach neamhchlaonta a sholáthar.



Gabhann Seirbhís Réitithe Díospóidí an BTC áit na gCúirteanna ag déileáil le formhór na ndíospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí. Sular bunaíodh an BTC i 2004, i gcás díospóide idir tiarnaí talún agus tionóntaí, ní raibh de rogha acu ach dul go dtí an Chúirt. Thóg sé na blianta cásanna airithe a réiteach.

D'oibríomar go dian sna blianta beaga anuas chun na hagaí réitithe díospóidí a laghdú. I 2015, d'éirigh linn na hagaí a laghdú uair amháin eile, agus geallaimid leanúint den iarracht chun iad a laghdú tuilleadh.


Mar gheall ar an tSeirbhís Réitithe Díospóidí

Féadfaidh tionóntaí, tríú páirtithe nó tiarnaí talún cláraithe iarratas a dhéanamh ar an tSeirbhís Réitithe Díospóidí i gcás nach féidir leo saincheist maidir le tionóntacht a réiteach. Tá dhá rogha ann chun díospóid a tharchur chuig an mBord: Féadfaidh páirtithe an eadráin (teileafón nó ó bhéal) nó breithniú a roghnú; is é an breithniú an próiseas is foirmiúla agus bunaítear é ar fhianaise. Bíonn cinneadh an bhreithneora, nó an comhaontú de thoradh eadrána, ceangailteach trí ordú cinnidh, agus tá seasamh dlíthiúil aige agus is féidir é a fhorfheidhmiú tri na Cúirteanna mura gcomhlíontar é.

Bíonn deis ag daoine cinntí a achomharc chuig binse triúir mura bhfuil siad sonra le cinneadh an bhreithneora nó leis an gcomhaontú a rinneadh trí eadráin. Seirbhís ghar-bhreithiúnach is ea an tseirbhís a chuirimid ar fáil, agus tá cumhachtaí neamhspleácha cinnteoireachta ag ár n-eadránaithe, breithneoirí agus baill binse uile, faoi mar a bhíonn ag breithimh i gcóras na gCúirteanna.

Figiúr 2.3

An Próiseas Réitithe Díospóidí



Figiúr 2.4

Líon na ndíospóidí i 2015	
Seirbhís Réitithe Díospóidí an BTC 2015	Líon
Iarratais ar Bhreithniú & Eadráin	4,023
Éisteachtaí Breithnithe & Eadrána	2,704
Iarratais a aistarraingíodh nó a socraíodh	1,775
Iarratais Binse	575
Éisteachtaí Binse	436

As measc na 4,023 iarratas a fuarthas, luaigh páirtithe 6,808 chúis díospóide, cúiseanna a réitíodh tríd an bpróiseas réitithe díospóidí.

Seirbhísí Eadrána

Trí Eadráin Teileafóin a chuirtear os cionn 95% dár seirbhísí eadrána ar fáil. Tá an-éileamh ar an tseirbhís ó tugadh isteach é go déanach i 2013. I 2014, éisteadh 857 gcás trí Eadráin Teileafóin agus socraíodh 647 (75%) díobh.

I 2015, fuair an BTC 4,023 iarratas nua ar réiteach díospóide, arbh ionann é agus 19% de mhéadú ar 2014. Tá sé tábhachtach a chur san áireamh anseo gur léiriú ar mhéadú ar mhéid na hearnála é an méadú ar líon na n-iarratas. D'fhan céatadán na n-iarratas díospóide a fuarthas cothrom ag 1-2% de chláruithe tionóntachtaí ó bunaíodh an BTC i 2004.

Eagraíodh 2,704 éisteacht i 2015 agus trí idirghabháil an BTC, aistarraingíodh nó socraíodh 1,775 iarratas. Is mó an seans gur aistarraingíodh na hiarratais sin de bhrí go dtángthas ar chomhaontú, nó gur athbhreithníodh an t-iarratas bunaithe ar fhaisnéis a sholáthair an BTC ar chearta agus oibleagáidí na bpáirtithe agus ar an bhfianaise cruthúnais a bheadh de dhíth.



“Ba é 7.5 seachtaine
an meán-aga próiseála i gcás
Eadráin Teileafóin, i gcomparáid le
14 seachtaine ar an meán i gcás
Breithnithe. **”**





Conas a Oibríonn an Eadráin Teifeafóin?


Ceaptar Eadránaí deimhnithe chun dul i mbun oibre leis an dá pháirtí i ndíospóid chun é a réiteach go héifeachtach agus go gasta, le meas ar an dá thaobh. Tríd an eadráin féadfaidh an dá pháirtí teacht ar a gcomhaontú féin ar shlí neamhsháraíochta. I sraith glaonna, éascóidh an tEadránaí na páirtithe chun teacht ar réiteach aontaithe laistigh d'achar gearr. Déantar teagmháil leis an dá pháirtí ceann i ndiaidh a chéile, agus mar sin ní bhíonn cumarsáid dhíreach eatarthu. Le cois an tseirbhís a bheith éifeachtach, bíonn sé áisiúil don dá pháirtí de bhrí nach mbíonn orthu freastal ar éisteacht. Tugtar cásanna chun críche laistigh de sheachtainí i gcomparáid le míonna i gcásanna Breithnithe. I gcás nach féidir teacht ar réiteach, féadfaidh páirtí ar bith achomharc a dhéanamh chuig Binse Tionóntachta.

Agaí próiseála díospóidí i 2015

Díríonn an BTC i gcónaí ar agaí próiseála cásanna a fheabhsú i 2015, agus dá thoradh sin, laghdaíodh an t-ala próiseála ó 26 seachtaine i 2014 go 14 seachtaine i 2015 i gcásanna nach bhfuarthas aon achomharc maidir leo. Tá agaí próiseála cásanna 2015 leagtha amach sa tábla thíos, ríofa ón dáta a fhaightear an t-iarratas go dtí an dáta a dhúntar an cás. Is féidir cás a shocrú mar chás dúnta ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, nuair a eisítear Ordú Cinnidh do na páirtithe; má chinneann an Bord nach bhfuil aon dlínse aige chun déileáil leis an díospóid; má bhíonn an díospóid neamhchríochnaithe go ceann tamall fada; más amhlaidh nach féidir páirtí sa chás a aimsiú le doiciméid riachtanacha a sheirbheáil air/uirthi; nó má aistarraingíonn páirtí an iarratais an t-iarratas. Ní mór a chur san áireamh go ríomhtar an t-ala ón dáta a fhaigheann an BTC an t-iarratas, beag beann ar cibé an bhfuil an t-iarratas féin iomlán, agus áirítear air sin iarratais nach bhfuil réidh don chéad chéim eile ar chúiseanna éagsúla. Áirítear ar na cúiseanna sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, faisnéis éigeantach a bheith ar iarraidh ón bhfoirm iarratais; gan táille a bheith faighte; sonraí teagmhála míchearta nó sonraí teagmhála a bheith ar iarraidh i gcás an fhreagróra; doiciméid curtha isteach trína dtarraingítear anuas ceisteanna maidir le dlínse an BTC chun déileáil le díospóid nó ceangal ar Bhord an BTC aighneachtaí maidir le síneadh ama a bhreithniú; tionóntachtaí neamhchláraithe nach féidir leo, ar an ábhar sin, dul aghaidh; iarratais ar athló a dheonaítear; agus díospóidí atá ag feitheamh ar dhoiciméadú.

Is féidir stádas tosaíochta a thabhairt do chásanna tromchúiseacha m.sh. cásanna maidir le díshealbhú neamhdhleathach, riaráistí cíosa, iompar frithshóisialta nó róchoinneáil. Róchoinneáil a thugtar air nuair a fhanann líon tí i gcóiríocht tar éis dáta fhoirceanta na tionóntachta.

Ba é 7.5 seachtaine an meán-aga próiseála i gcás Eadráin Teifeafóin, i gcomparáid le 14 seachtaine ar an meán i gcás Breithnithe, de bhrí nach gá freastal ar éisteacht. I gcás ina gcuireann páirtí in Eadráin cás ar aghaidh chuig Binse Tionóntachta, nó ina ndéanann páirtí i mBreithniú cinneadh an Bhreithnithe a achomharc, is é deich seachtaine an meán-aga próiseála ón iarratas chuig an mBinse go dtí an dáta ar a ndúntar an cás.




“ Dhírigh an Bord i gcónaí ar agaí próiseála cásanna a fheabhsú i 2015, agus dá thoradh sin, laghdaíodh an t-aga próiseála ó **26 seachtaine** i 2014 go **14 seachtaine** in 2015 ”

Figiúr 2.5

Agaí Próiseála Cásanna Díospóide		
Agaí Próiseála Díospóidí	2015	2014
Cásanna tosaíochta le Breithniú	12 seachtaine	22 seachtaine
Cásanna neamhthosaíochta le Breithniú	16 seachtaine	30 seachtaine
Meánchás	14 seachtaine	26 seachtaine
Bínsí (ó dháta an iarratais ar achomharc go dáta eisithe an Ordaithe)	10 seachtaine (ar an meán)	10 seachtaine (ar an meán)
Cásanna ina bhfaightear achomharc agus ina bpróiseáiltear é	24 seachtaine (ar an meán)	36 seachtaine (ar an meán)
Éadráin Teileafóin (ón dáta ar a bhfaightear an t-iarratas go dáta eisithe an Ordaithe nó dáta aistarraingthe an chás tar éis socrú)	7.5 seachtaine (ar an meán)	11 seachtaine (ar an meán)

Figiúr 2.6




Figiúr 2.7

Alaí Próiseála Cásanna Díospóide (míonna)							
2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015
18	12.5	8	11	12	7	6	4


Figiúr 2.8

An Cineál Díospóide (Gach cás)



Cé a chuir isteach iarratas ar Réiteach Díospóide i 2015?

Figiúr 2.9



Mar a thaispeántar sa phíchart thuas b'iad tiarnaí talún a rinne 1,557 (39%) de na hiarratais ar Sheirbhís Réitithe Díospóidí an BTC i 2015, tionóntaí a rinne 2,386 (59%) agus tríú páirtithe a rinne 80 (2%). Is beag idir iad agus figiúirí 2014.

Athruithe ar Nádúr na nDíospóidí


Ba iad na trí ábhar díospóide ba choitianta i ndíospóidí i 2015 riaráistí cíosa agus riaráistí mar aon le róchoinneáil (32%), arna leanúint ag fógra neamhbhailí foirceanta (23%) agus coinneáil éarlaise (22%). Ba iad na 34%, 25% agus 24% faoi seach na figiúirí comparáideacha do na cineálacha díospóidí sin i 2014.

Na hábhair díospóide ba choitianta i 2015

Riaráistí Cíosa

Figiúr 3.0

Cásanna Riaráistí Cíosa faoi Dhíospóid 2008-2015



I 2015, fuair an BTC 1,260 iarratas maidir le riaráistí cíosa, arb ionann é agus 32% de líon iomlán na n-iarratas díospóide a fuarthas, laghdú beag ar 34% na n-iarratas i 2014. Anuraidh, den chéad uair, ghabh riaráistí cíosa áit coinneáil éarlaise mar an phríomh-ábhar díospóide i ndíospóidí.


Is léiriú é sin ar an síormhéadú ar chíosanna a chonacthas san earnáil ó thosaigh chíosanna ag méadú óna n-íosphointe i 2012, tar éis an chúilaithe eacnamaíoch. De bharr ganntanas tithíochta, chonacthas borradh san éileamh ar chóiríocht ar cíós, agus méadú ar na hiarratais ar réiteach díospóide le riaráistí cíosa mar ábhar díospóide.

Fógra Neamhbhailí Foirceanta

Ba é fógra neamhbhailí foirceanta an dara hábhar díospóide ba choitianta agus liostaíodh é ar 924 iarratas díospóide i 2015. B'ionann sin agus 23% de na hiarratais díospóide, agus 2% de laghdú ó 2014. Ceann de na saincheistanna ba shuntasá a tháinig chun cinn maidir leis na cásanna seo ná go bhfuarthas go raibh 69% de na fógraí foirceanta a tháinig faoi bhráid an BTC i 2015 neamhbhailí, mar a léirítear sa phíchart thuas. Ní amháin go gcuireann fógraí neamhbhailí dá sórt le haga feithimh tiarnaí talún, ach bíonn tionchar ginearálta acu ar sheirbhísí an BTC, de bhrí go gcaitear an oiread sin ama a chaitheamh ar chásanna neamhriachtanacha.

An tsaincheist is coitianta le fógraí foirceanta ná nach dtugtar dóthain ama de bhrí go dtosaítear an comhaireamh an lá tar éis na seirbheála. Botún coitianta eile is ea gan ligean don litir rabhaidh ceithre lá déag as riaráistí cíosa dul in éag sula seirbheáiltear fógra foirceanta 28 lá. Tabharfaimid tús áite don oideachas agus don chothú feasachta, mar fhaisnéis agus tacaíocht dár ngeallsealbhoirí. Chuir an BTC tacar leathan nótaí samplacha ar fáil ar a shuíomh gréasáin de na cásanna ar fad inar féidir fógra a sheirbheáil. Cuireadh ábhar ar an tslí le fógra a sheirbheáil, agus an méid a chaithfidh a bheith i bhfógra bailí, ar fáil ar ár suíomh gréasáin, mar aon le fógraí samplacha, mar fhaisnéis agus tacaíocht do thiarnaí talún, tionóntaí agus gnómhairí.

Figiúr 3.1




Coinneáil Éarlaise

Ba é coinneáil éarlaise an phríomh-ábhar díospóide i ndíospóidí le roinnt blianta. Ach i 2015, ní raibh ann ach an tríú hábhar díospóide ba choitianta. Fuair an BTC 881 iarratas maidir le coinneáil éarlaise i 2015, rud ab ionann agus 22% de na hiarratais uile díospóide.

Taispeántar sa chairt thíos toradh na gcásanna coinneála éarlaise a cinneadh i 2015. **I 84% de chinntí maidir le coinneáil éarlaise, fuair an BTC go raibh an tionónta i dteideal aisíocaíocht iomlán nó páirteach dá n-éarlais, suas ó 77% i 2014.** Ós rud é gur féidir gurb é an éarlais an t-aon choigilteas atá mórchuid tionóntaí, is minic a bhíonn coinneáil éarlaise ina chúis le cruachás. Féadfar damáistí a dhlí ar tiarnaí talún a choinníonn éarlaisí tionóntaí go neamhdhleathach, go hiomlán nó go páirteach. I 2015, dámhaidh damáistí do thionóntaí ar bhonn tiarnaí talún a choinnigh éarlais go neamhdhleathach 20% de chásanna.

I 2017, bunófar Scéim Cosanta Éarlaise, a bheidh le riaradh ag an BTC. Faoin scéim seo cuirfear éarlaisí tionóntaí i dtaisce ag tús na tionóntachta, in ionad é a íoc leis an tiarna talún. Déanfar amhlaidh chun cinnteacht níos mó a thabhairt do thionóntaí, ag súil go laghdóidh sé go mór líon na ndíospóidí a thagann chun cinn maidir le héarlaisí.

Figiúr 3.2




Damáistí


Sa Bhille um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) 2015, socraíodh teorainneacha nua ar chostais a d'fhéadfaí a dhámh do pháirtithe. Tá €5,000 de theorainn ann maidir le costais dlí, costais gairmiúla eile nó costais a ghabhann le duine le saineolas teicniúil a fhostú chun fianaise a sholáthar. I gcás costas a dámhadh i gcás ina gcinneann an páirtí a chuir an t-iarratas isteach é a aistarraingt, tá €1,000 de theorainn.

Tá an chumhacht ag Breithneoirí agus ag comhaltaí Binse chun cinneadh a dhéanamh gur chóir sásamh a thabhairt do pháirtí nó do pháirtithe. Tá €20,000 de theorainn leis na damáistí sin, nó i gcás méid dáfa ina bhfuil damáistí agus riaráistí cíosa, is é €20,000 an teorainn nó dhá oiread chíos bliantúil na háite cónaithe (faoi réir €60,000 d'uasmhéid), cibé acu is airde.

Figiúr 3.3



Figiúr 3.4



I 2015, dámhadh damáistí i 25% de chásanna, 1,018 de 4,023 chás, i gcomparáid le 35% i 2014, 1,197 de 3,374 chás. Dámhadh formhór na ndamáistí i gcásanna riaráistí cíosa agus coinneáil éarlaise, ag 29% agus 22% faoi seach. Bhí iomlán na ndamáistí a dámhadh i 60% de na cásanna faoi bhun €20,000, mar a fheicfear i bhFigiúr 3.4.


Foirceannadh Neamhdhleathach Tíonóntachta

Tá díshealbhú neamhdhleathach ar cheann de na sárúithe is tromchúisí ar dhlí tiarna talún is tionónta. Meastar gur foirceannadh tionóntacht go neamhdhleathach, nó gur díshealbhaíodh go mídhleathach, i gcás ina gcoisceann tiarnaí talún, trí éigean, imeaglú, nó eile, tionónta ó dhul isteach san áit chónaithe ar cíós nó ina gcuirtear maoin an tionónta amach as an áit chónaithe. Sampla de seo is ea cás ina n-athraíonn tiarnaí talún na glais nó ina múchtar an t-uisce agus/nó an chumhacht.

Cuireann an BTC glao gutháin ar an dá pháirtí ar an gcéad dul síos, féachaint an bhfuil an tiarnaí talún sásta ligean don t dul ar ais isteach san áit chónaithe, ansin tugtar tús áite do phróiseáil an cháis.

I 2015, fuair an BTC 320 gearán maidir le díshealbhú neamhdhleathach líomhanta, rud ab ionann agus 8% d'iarraitais díospóide. Bhí dámhachtainí as foirceannadh neamhdhleathach i 2015 sa raon ó €200 go €10,000, agus gheofar miondealú de na dámhachtainí an chairt ag Figiúr 3.5.

Figiúr 3.5



Gníomhaíochtaí Eile

Chuir an tSeirbhís Réitithe Díospóide tús le hullmhúcháin chun athruithe nua reachtacha a thabhairt isteach, lena n-áirítear síneadh ar ár sainordú maidir le hearnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Chuir an fhoireann díospóidí ionchur fairsing ar fáil chun na hathruithe TF a dhéanamh ar ár gcóras intí chun earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a thabhairt faoinár sainordú. Cuireadh oiliúint fhorleathan ar na hathruithe reachtacha nua ar fáil don fhoireann, do bhreithneoirí, d'eadránaithe agus dóibh siúd atá ina gcomhaltaí de Bhinsí Tíonóntachta. Chuir an BTC seimineáir faisnéise ar fáil dár ngeallsealbhóirí reatha agus dóibh siúd in earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Binsí Tionóntachta

Féadfaidh páirtithe i ndíospóid cinneadh Breithneora nó Binse Tionóntachta a achomharc laistigh de 21 lá ón dáta ar a bhfaightear tuarascáil an Bhreithneora. Féadfaidh páirtithe sa phróiseas eadrána nár tháinig ar chomhaontú, nó inar theip ar an gcomhaontú, an díospóid a tharchur chuig Binse Tionóntachta laistigh de dheich lá ón dáta ar a chríochnaigh an eadráin.

Ón 1 Márta 2016, tá lánrogha ag an mBord chun síneadh a chur leis an tréimhse seo, ar choinníoll go luaitear forais mhaithe.

Painéal de thriúr comhaltaí ón gCoiste Réitithe Díospóide a éistean le Binsí. Éisteachtaí níos foirmiúla ná éisteachtaí Breithneora/Eadrána is ea éisteachtaí Binse, agus is éisteachtaí poiblí iad. Ní mór do pháirtithe mionn nó dearbhú a thabhairt, agus bíonn luathscríbhneoir / breacadóir i láthair chun an fhianaise a chuirtear ar fáil a thaifeadadh. Cuirtear torthaí éisteachtaí Binse ar fáil don phobal. Déantar tuarascáil agus cinneadh Binse a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an BTC (www.rtb.ie).

I 2015, fuair an BTC 575 iarratas achomhairc, a bhreithnigh an Bord. Deonaíodh 495 iarratas, agus diúltaíodh nó aistarraingíodh 80 ceann díobh. Bhí achomhairc a dhiúltaigh an Bord déanach nó theip orthu an táille riachtanach a chur isteach.

Tionóladh 436 éisteacht Binse i 2015. Cealaíodh 150 Binse eile roimh an éisteacht, de bhrí gur aistarraing an t-achomharcóir an t-achomharc.

Agaí Próiseála

Is é 2.5 mhí an meánaga próiseála do chásanna Binse, ón dáta a fhaightear an t-iarratas achomhairc go dtí an uair a eisítear an tOrdú Cinnidh, beag beann ar cibé an éisteadh an cás i mBreithniú nó in Eadráin an chéad uair. Mar sin cuireann sé sin 2.5 mhí ar an meán le haga próiseála cáis.


Éisteachtaí Binse agus Orduithe Cinnidh a Rinneadh i 2015

Tionóladh 436 éisteacht Binse i 2015. Rinneadh 418 Ordú Cinnidh i 2015 maidir le héisteachtaí Binse.

Cé a chuir Iarratais Achomhairc isteach i 2015?

Tiarnaí talún a chuir isteach 44% (193) de na hiarratais achomhairc a cuireadh faoi bhráid Binse Tionóntachta, tionóntaí 55% (240) agus tríú páirtithe 1% (3).

Figiúr 3.6



Cásanna Binse i 2015


Catagóirí agus Torthaí

Taispeántar sa chart thíos (Figiúr 3.7) miondealú ar éisteachtaí binse a tionóladh, de réir ábhar na díospóide a luadh ar an iarratas achomhairc. Den 436 éisteacht Binse a tionóladh i 2015, luadh 930 ábhar díospóide dhifriúla mar chúis leis an achomharc. Mar a fheicfear, fuarthas iarratais achomhairc inar luadh gach cineál díospóide, agus ba é Fógra Neamhbhailí Foirceanta ábhar fhormhór na n-achomharc. Is é an chúis is dóchúlú leis sin go bhfaightear 69% d'fhógraí foirceanta neamhbhailí ag céim an bhreithnithe.


Luadh Fógraí Foirceanta Neamhbhailí mar chúis le 114 (12%) d'iarratais achomhairc i gcomparáid le 9% i 2014. Luadh Sárú Oibleagáidí Tiarnaí Talún mar chúis le 92 (10%) d'iarratais achomhairc i gcomparáid le 13% i 2014. I 2013, bhain 19% de chásanna a tháinig os comhair Binse le coinneáil éarlaise; 14% a bhí i gceist i 2014 agus 9% (87 gcás) i 2015. De na cásanna seo, cinneadh in 86% de na Binsí gur chóir don tiarna talún an éarlais a aisíoc, go hiomlán nó go páirteach, dá dtionóntaí. I 14% de na cásanna coinneála éarlaise a d'éist Binse, cinneadh go gcoinneodh an tiarna talún an éarlais iomlán.

Figiúr 3.7


Cineálacha Díospóidí Binse



Figiúr 3.8



Figiúr 3.9



Damáistí Binse a Dámhadh

Dámhadh damáistí in aghaidh páirtithe in achomharc i mbreis is 35% de na cinntí Binse a rinne an BTC i 2015. I gcásanna inar dámhadh damáistí, bhain 49% le díospóidí coinneála éarlaise nó riaráistí cíosa. Ba é an chéad chatagóir eile ab airde sárú ar oibleagáidí tionónta (13%), arna leanúint le sárú ar oibleagáidí tiarna talún (8%).

Bhí Riaráistí Cíosa agus Riaráistí Cíosa mar aon le Róchoinneáil i measc na gcatagóirí cúiseanna ab airde. I dteannta a chéile, is ionann iad agus 123 (13%) de na cúiseanna luaite. Cé go bhfuil sé sin ard i gcónaí, is laghdú é ar na blianta beaga anuas. 17% a bhí ann i 2013 agus 2014 araon.

Forfheidhmiú i gcásanna nár comhlíonadh Orduithe Cinnidh

Is é an mhír dheiridh den tseirbhís réitithe díospóide Ordú Cinnidh a bheith faighte ag an dá pháirtí ina gcás. Is doiciméad a fhorfheidhmítear de réir dlí é an tOrdú Cinnidh, a dhéanamh trí Eadráin, Breithniú nó Binse. Mura gcomhlíontar é laistigh den tréimhse shonraithe, féadfar é a fhorfheidhmiú tríd an gCúirt Chuarda.

Mar chomhlacht rialála, is feidhm thábhachtach de chuid an BTC é an forfheidhmiú. Ní mór an chumhacht a bheith againn a chinntiú go gcláraíonn tiarna talún a gcuid tionóntachtaí, agus anuas air sin, go gcloítear le hOrduithe Cinnidh a dhéanann an Bord maidir le díospóidí. Níl na hacmhainní againn, faraor, ná ní bheadh sé ciallmhar ó thaobh airgid de, go bhforfheidhmeodh an Bord gach ordú. Is faoi na páirtithe atá sé cás a thabhairt os comhair Cúirte, agus faoi pháirtí a iarraidh go rachadh an Bord sa tóir ar chomhlíonadh an Orduithe Chinnidh ar a shon nó ar a son. Díreofar air sin de réir ár mbeartas forfheidhmithe, mar a mhionsonraítear thíos.

Forfheidhmiú agus an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004

Aisghaireadh Alt 126, a bhain le himeachtaí coiriúla a thionscnamh, leis an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) 2015, agus ní rogha é sin a thuilleadh don Bhord ná do pháirtithe i gcás.

Imeachtaí Sibhialta

Má theipeann ar pháirtí Ordú Cinnidh a chomhlíonadh, féadfar imeachtaí sibhialta a thionscnamh sa Chúirt Chuarda. Féadfaidh an Chúirt Ordú a dheonú trína bhforfheidhmítear téarmaí an Ordaithe a rinne an BTC.

Féadfar Ordú maidir le costais an Iarratasóra i dtionscnamh na n-imeachtaí a dheonú, leis (gearrfar cáin orthu in éagmais comhaontú). Anuraidh, mar an iarratasóir chun os cionn Ordú Cinnidh a fhorfheidhmiú in os cionn 300 imeacht, deonaíodh a chostais don BTC i bhformhór na gcásanna a tionscnaíodh thar ceann páirtithe leasmhara.

Iarratas chuig an mBord chun forfheidhmiú a dhéanamh thar ceann páirtithe i gcás

Figiúr 4.0

An méadú ar éileamh ó pháirtithe ag iarraidh ar an mBord forfheidhmiú a dhéanamh ar a son.


2011	2012	2013	2014	2015
589	346	405	535	633

Fuair an Bord 633 iarratas i 2015 ag iarraidh forfheidhmiú a dhéanamh thar ceann páirtí i ndíospóid.

Is ionann an figiúr seo agus 18% de mhéadú ar líon na n-iarratas a fuarthas i 2014. Ní léiríonn sé sin aon mhéadú ar neamhchomhlíonadh, áfach. Is dóchúla ná a mhalairt go léiríonn sé méadú ar líon na n-iarratas ar réiteach díospóide a fuair an BTC.

Figiúr 4.1


Cé a d'iarr forfheidhmiú?



Mar chomhlacht rialála, is feidhm thábhachtach de chuid an BTC é an forfheidhmiú. Ní mór an chumhacht a bheith againn a chinntiú go gcláraíonn tiarna talún a gcuid tionóntachtaí, agus anuas air sin, go gcloítear le hOrduithe Cinnidh a dhéanann an Bord maidir le díospóidí.




Figiúr 4.2

Díospóidí Tiarna Talún de réir Chineál na Díospóide

Bhí líon na n-iarratas a fuarthas ó thiarnaí talún i 2015 ard i gcónaí, agus b'ionann iad agus 75% (475 iarratas) de na hiarratais uile a rinneadh chuig an mBord i 2015. Bhí neamhchomhlíonadh suntasach ann i gcás tionóntaí a loic ar a n-oibleagáidí chun cíós a íoc, ba ghné é i 66% de na hiarratais ó thiarnaí talún a fuarthas anuraidh. B'ionann cásanna de chíos amuigh, róchoinneáil, nó an dá shaincheist i dteannta, agus 87% de na hiarratais uile ó thiarnaí talún. (Róchoinneáil a thugtar air nuair a fhanann líon tí i gcóiríocht tar éis dáta fhoirceanta na tionóntachta.) Ina theannta sin, tuairiscíodh neamhchomhlíonadh i dtaca le suimeanna a íoc tar éis damáiste a dhéanamh do réadmhaoin ar cíós de bheis ar ghnáthchaitheamh, agus sárúithe eile ar oibleagáidí.

Figiúr 4.3

Díospóidí Thionóntaí de réir Chineál na Díospóide

Iarratais a cuireadh isteach lena bhforfheidhmiú ag tionóntaí ab ea 150 iarratas, nó 24%. B'ionann agus 73% de na hiarratais uile a fuarthas ó thionóntaí iarratais ar aisíocaíochtaí éarlaise a bhí fós amuigh. Tuairiscíodh neamhchomhlíonadh, leis, i dtaca le dámhachtainí a íoc as sárúithe ar oibleagáidí tiarna talún agus foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta.

Tríú páirtithe (comharsana) a chuir isteach ocht n-iarratas (faoi 1% de na hiarratais uile), i dtaca le sárúithe ar oibleagáidí tiarna talún. Baineann siad seo le loiceadh tiarna talún oibleagáidí tionónta(i) faoina gcomhaontuithe tionóntachta a fhorfheidhmiú.

Mar a luadh thuas, ní ghníomhaíonn an BTC ar gach iarratas ar fhorfheidhmiú de bhrí go bhfuil teorainn lenár n-acmhainní. Mar sin cuireann an BTC buiséad ar fáil gach bliain le haghaidh forfheidhmiú. Chun cabhrú leis a chumhachtaí lánroghnacha maidir le forfheidhmiú a fheidhmiú, tá roinnt critéar ceaptha ag an BTC a chuirtear san áireamh agus iarratas á dheonú nó á dhíúltú.

Beartas Forfheidhmithe an Bhoird

Ar iarratas a fháil forfheidhmiú a dhéanamh thar ceann páirtí, déanann an BTC iarracht i dtús báire comhlíonadh a bhaint amach trí scríobh chuig na páirtithe neamhchomhlíontacha. Meabhraíonn an BTC do na páirtithe na hoibleagáidí atá orthu Ordú Cinnidh a chomhlíonadh, agus na hiarmhairtí dóchúlacha má bhíonn siad neamhchomhlíontach i gcónaí.

Mura gcomhlíontar tar éis an chéad idirghabháil seo, cuireadh an t-iarratas ar aghaidh do bhreithniú an Bhoird. Seo a leanas na nithe dá bhféachann an Bord agus é ag cinneadh cibé ar chóir forfheidhmiú a cheadú – mar aon le haon chaiteachas a leanann as:

- Cineál na díospóide;
- Stair an chomhlíonta le reachtaíocht tiarna talún/tionónta;
- Neart teicniúil an cháis (m.sh. féadfaidh páirtithe ábhar a aontú nach ábhar atá forfheidhmithe go dleathach é);
- Cad iad na teagmhálacha/bearta, más ann dóibh, atá déanta ag an té atá ag lorg comhlíonadh leis an bpáirtí neamhchomhlíontach chun comhlíonadh an Ordaithe a bhaint amach;
- Uiríll a rinne an BTC cheana chuig an bpáirtí neamhchomhlíontach, agus an fhaisnéis ábhartha a fuarthas;
- An suíomh tíreolaíoch;;
- Cúinsí an cháis;
- Meastóireacht ar an luach ar airgead;
- An teorainn de chás in aghaidh an duine sa bhliain is ceadmhach a cheadú;
- Cheadaítear forfheidhmiú mar réiteach deiridh amháin ar gach saincheist faoi dhíospóid (m.sh. má bhíonn fógra foirceanta neamhbhaile, agus más gá ceann nua a sheirbheáil, ansin ní bhreithneofar iarratais ar fhorfheidhmiú riaráistí cíos amach ó thoradh deiridh gach ábhar sa díospóid);
- Má tá an páirtí chomh maith céanna, nó níos fearr fós ag forfheidhmiú ná an BTC, beifear ag súil go ngabhfaidh siad an forfheidhmiú orthu féin; agus
- Teorannófar líon iomlán na gcásanna a cheadófar lena bhforfheidhmiú ag brath an mbuiséad in aon bhliain ar leith.

Agus a lánrogha á feidhmiú aige, tharchuir an Bord 312 chás chuig a chomhairleoirí dlí i 2015 le haghaidh imeachtaí forfheidhmithe. I gcásanna dá sórt, féachann an BTC, mar iarratasóir sna himeachtaí, Ordú a fháil ón gCúirt Chuarda trína bhforfheidhmeofar an tOrdú Cinnidh atá déanta ag an BTC. Féadfar Orduithe Breise, amhail Ordú Costas, a lorg, leis.

D'éirigh leis an mBord líon mór Orduithe Cúirte a fháil go dtí seo. Mar sin féin, ní haon ráthaíocht é Ordú Cúirte go n-íocfaidh na freagróirí na suimeanna dlí, i gcásanna ina bhfuil dámhachtainí airgid i gceist. I gcás ina leanann na páirtithe a bhfuiltear ag féachaint le hOrdú Cinnidh a fhorfheidhmiú ina leith d'Orduithe Cúirte a neamhchomhlíonadh, féadfar feidhmiú an Ordaithe a lorg ar aon slí a cheadaíonn an Chúirt Chuarda. Tá mórchuid breithiúnas atá faighte ag an BTC cláraithe i gcásanna neamhchomhlíonta leanúnaigh. Tar éis breithiúnas a chlárú, foilsítear é i dtréimhsiúcháin éagsúla trádála, an Iris Dócmhainneachta ina measc agus ar shuíomhanna gréasáin. Má dhéantar Ordú Cúirte maidir le sealbhú in aghaidh páirtí, agus má dhiúltaíonn an páirtí an réadmhaoine i dtrácht a fhágáil, féadfaidh an Sirriam nó Cláraitheoir Contae an tOrdú Cúirte a fheidhmiú, ag brath ar shuíomh na réadmhaoine. De ghnáth féachann an BTC leis an Ordú a fheidhmiú, chun seilbh folamh a fháil, i gcásanna ina ndiúltaíonn páirtithe an tOrdú a chomhlíonadh.

Is féidir le breithiúnas cláraithe tionchar suntasach a bheith aige ar chumas an fhéichiúnaí airgead a fháil ar iasacht. Clárófar an breithiúnas a fhaightear mar fhiachas in aghaidh an pháirtí, agus beidh tionchar diúltach aige sin ar rátáil chreidmheasa an pháirtí.

Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe agus Socraithe i 2015

Lean Aonad Forfheidhmithe an BTC ar aghaidh ag obair ar 329 gcás a bhí gníomhach fós ag deireadh 2014 le hais 633 iarratas nua a ghlacadh i 2015. Rinne an tAonad réamhsheiceáil le cásanna a measadh a bheith práinneach a shainaithint, agus tugadh tús áite do chásanna maidir le róchoinneáil nó foirceannadh mídhleathach tionóntachta.

De bharr chinntí a rinne an Bord i 2015, tarchuireadh 312 chás chuig comhairleoirí dlí an BTC.

Chuir Aonad Forfheidhmithe an BTC tacaíocht ar fáil do pháirtithe faoi dhíospóid i dtrí réimse eile, ag an am céanna go raibh cásanna á dtarchur chuig comhairleoirí dlí lena bhforfheidhmiú:

- Doiciméadú a sholáthar do pháirtithe a d'fhéach lena n-imeachtaí forfheidhmithe féin a thionscnamh (61 chás);
- Comhaontuithe réitigh a éascú ar chomhaid ghníomhacha forfheidhmithe (77 gcás de nithe socraithe, agus 87 gcás eile de nithe a aistarraingíodh gan chúis a shonrú); agus
- Íocaíochtaí agus tograí réitigh a chur ar aghaidh chuig páirtithe (281 chás, 31 díobh a bhain le hiarratais ghníomhacha forfheidhmithe ó mbliain reatha agus ó bhlianta roimhe seo).



Den 962 chás a bhí fós le forfheidhmiú i 2015, bhí 313 chás fós ar oscailt ag deireadh 2015.

Torthaí Cúirte

Imeachtaí Sibhialta

Fuair comhairleoirí dlí an BTC 302 Ordú Cúirte Cuarda i 2015. I bhformhór na 302 chás, dámhadh a chostais don BTC, faoi cháin in éagmais comhaontú. Tagraíonn an téarma cánachas don phróiseas trína ndéantar costais dlí a athbhreithniú/a thomhas le cinntiú gur costais bhailí iad. Mura n-aontaíonn na páirtithe ar dámhadh na costais ina gcoinne leis an méid iarrtha, ní mór dóibh dul trí phróiseas neamhspleách costas sular féidir leis an BTC iad a éileamh. Is iad na costais deiridh, a cheadaítear faoin bpróiseas sin, na costais is gá don pháirtí, ar dámhadh iad ina choinne, a íoc.

Is féidir go dteastódh ó pháirtithe íocaíochtaí réitigh a dhéanamh, tar éis Ordú Cúirte a bheith faighte ina gcoinne. Ní chláróidh an BTC an breithiúnas má tá plean íocaíochta aontaithe agus má táthar ag cloí leis. Má scoirtear d'íocaíochtaí, cláraíonn an BTC an fuílleach mar fhiachas breithiúnais.

Figure 4.4

Orduithe Cúirte Cuarda a fuarthas de réir alt 124 den Acht				
2011	2012	2013	2014	2015
42	91	140	158	302


Is ionann na 302 Ordú dá dtagraítear sa chairt thuas agus líon iomlán na nOrduithe a deonaíodh i 2015. An uair a ullmhaíodh an tuarascáil seo, bhí 260 Ordú Cúirte fisiciúil faighte ó Oifig na gCúirteanna maidir le caingne forfheidhmithe a tionscnaíodh i 2015, agus bhíothas ag feitheamh ar fhuílleach na nOrduithe a deonaíodh i 2015.

Tá líon na nOrduithe a fuarthas thar ceann tiarna talún (191 as 260 Ordú faighte ó Oifig na gCúirteanna) níos airde go suntasach ná líon na nOrduithe a fuarthas thar ceann tionóntaí (69 as 260 Ordú a fuarthas ó Oifig na gCúirteanna).

Seo a leanas miondealú ar na hábhair díospóide a bhfuarthas Orduithe Cúirte ina leith:

Figiúr 4.5

Orduithe Cúirte Cuarda a fuarthas i 2015



Gealltanais an BTC chun Tacú leis na Páirtithe

Eagraíocht féinmhaoinithe is ea an BTC i gcónaí, ó na táillí clárúcháin a fhaigheann sé, agus mar sin ní mór dó oibriú laistigh den bhuiséad seo. Aithnítear gur feidhm thábhachtach de chuid an BTC é an forfheidhmiú. Mar sin, leanfaidh an BTC dá thaighde ar shamhlacha eile forfheidhmithe, chun go mbeidh ar a chumas dul sa tóir ar líon níos mó páirtithe neamhchomhlíontacha. Níl ar ár gcumas dul sa tóir ar fhorfheidhmiú i ngach cás, ach is eol dúinn ó thaithí go dtionscnóidh mórchuid páirtithe a n-imeachtaí forfheidhmithe féin, cé go mbeidh siad ag brath ar thacaíocht uathu, de bhrí gur féidir na himeachtaí sin a thabhairt os comhair na gCúirteanna níos túisce ná mar is féidir leis an BTC, i bhfianaise líon na gcásanna a bhíonn idir lámha ag an BTC in aon bhliain. Mar chuid dá ghealltanais chun tacú leis na páirtithe a mhéid is féidir, tá treoir céim ar chéim don fhorfheidhmiú curtha i dtoll a chéile ag an BTC, agus tá sé ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Sa treoir seo gheofar foramharc ar an bpróiseas agus a riachtanais; tá roinnt teimpléad/samplaí de pháipéir ábhartha Cúirte san áireamh ann, leis. Is féidir le himeachtaí dlí a bheith costasach. Leanfaidh an BTC dá ghealltanais chun costas imeachtaí a laghdú, don BTC agus do na páirtithe féin. Sa chomhthéacs seo, táimid ag feitheamh ar thús a bheith curtha le leasú reachtach a cheadóidh forfheidhmiú a dhéanamh sa Chúirt Dúiche, in ionad sa Chúirt Chuarda, a d'fhéadfadh forfheidhmiú a dhéanamh níos inrochtana.

8

Feasacht san Earnáil a Chur Chun Cinn

Is é ceann de chuspóirí an BTC oideachas a chur ar thiarnaí talún agus tionóntaí ar a gcuid cf. agus feasacht a chothú maidir leo.



Féachaimid le feasacht níos mó a chur chinn ar an BTC agus ar an ról ríthábhachtach atá aige i rialú na hearnála cíosa. Tá tábhacht thionacht na hearnála cíosa ag dul i méid i gcónaí in Éirinn, agus tá méadú suntasach tagtha air le blianta beaga anuas. Thaispeáin an daonáireamh is déanaí go bhfuil cóiríocht phríobháideach ar cíos ag duine amháin as gach cúigear. Má chuirtear an earnáil cíosa shóisialta san áireamh, méadaítear an figiúr seo go duine amháin as gach triúr. Tá fás ag teacht ar raon na dteaghlach a roghnaíonn tithíocht san earnáil seo. Is iad na cúiseanna leis sin an cúlú sa gheilleagar, laghdú ar shoghluaisteacht, laghdú ar líon na gceannaitheoirí céaduaire agus easpa soláthar nua. Tosca eile is ea athruithe fadtéarmacha ar an tsochaí, inimirce agus fás an daonra. Mar sin is céatadán suntasach anois de thionachtaí tithíochta na hÉireann é an earnáil cíosa agus tá gach cosúlacht air gur mar sin a bheidh feasta.

Ciallaíonn sin go mbeidh ról níos tábhachtaí ná riamh ag an BTC. Tá sé tábhachtach go gcuirfimis feasacht chun cinn ar an BTC agus ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus go gcuirfimis oideachas ar ár ngeallsealbhóirí maidir lena gcuid ceart agus freagrachtaí. Fuarthas i dtaighde a rinneadh thar ceann an Bhoird i 2014 go raibh easpa feasachta ann ar an BTC a bheith ann agus ar chearta agus freagrachtaí ginearálta tiarnaí talún agus tionóntaí. I 2015, sheol an BTC feachtas oideachais agus cothú feasachta, dírithe ar thiarnaí talún, tionóntaí agus geallsealbhóirí eile san earnáil cíosa. B'iad príomhchuspóirí an fheachtais:

- feasacht a mhéadú agus oideachas a chur ar thionóntaí maidir lena gcuid ceart agus freagrachtaí;
- feasacht a mhéadú ar ról an BTC san earnáil cíosa trí chóras náisiúnta cláraithe tionóntachtaí a oibriú agus seirbhís thráthúil éifeachtach ó thaobh costais réitithe díospóidí a sholáthar;
- feasacht a mhéadú ar fheidhmeanna réitithe díospóide an BTC agus ar a ról forfheidhmithe, agus a éifeachtaí ó thaobh costais is féidir leis a bheith;
- caidreamh comhoibritheach a chur chun cinn idir na geallsealbhóirí uile, chun conspóideacha agus coimhlínt le príomh-gheallsealbhóirí a íoslaghdú; agus
- tacaíocht don BTC a ghiniúint i measc tiarnaí talún agus tionóntaí.



Seoladh Céim 1 den fheachtas i mí an Mheithimh, ar raidió, sna nuachtáin, ar líne agus in áiseanna amuigh faoin spéir, lena n-áirítear busanna, scáthlái busanna agus stáisiúin iarnróid. Ba é téama an fheachtais fógraíochta “A thionóntaí agus a thiarnaí talún, bíodh do chearta cíosa ar eolas agat. Gheofar ar shuíomh gréasáin an BTC faisnéis fairsing mar gheall ar thionóntaí agus tiarnaí talún. Duine ar bith atá i gcóiríocht ar cíos nó atá ag smaoineamh ar chóiríocht ar cíos a fháil, moltar dóibh logáil isteach sa suíomh gréasáin agus iad féin a chur ar an eolas faoina gcuid ceart agus freagrachtaí. Is féidir leo, leis, cóip den bhileog Tionónta Maith, Tiarna Talún Maith a íoslódáil, ina bhfaighfear gach faisnéis riachtanach i leabhrán amháin, agus é ar fáil i ndeich gcinn de theangacha chun freastal a dhéanamh ar na pobail nua éagsúla ar fud na hÉireann.

Chonacthas méadú suntasach ar leibhéal an tráchta ar shuíomh gréasáin an BTC le linn an fheachtais, le 53% de mhéadú ar chuairteanna i Meitheamh i gcomparáid le Meitheamh 2014. Mhéadaigh líon na n-úsáideoirí de 58% sa tréimhse chéanna, agus shroich líon na n-amharc iomlán ar an leathanach breis is 280,000 i gcomparáid le Meitheamh 2014.

Seoladh Céim 2 den fheachtas i mí Lúnasa le go mbeadh sé comhuaineach le torthaí na hArdteistiméireachta agus le tairiscintí ón CAO. Seoladh an Accommodation and Finance Guide 2015 de chuid an USI i Lúnasa, agus scaipeadh é i bpacáistí ‘Freshers’ do mhic léinn nua ar fud na tíre ag tús an téarma.

Tugadh faoi fheachtas breise in Eanáir 2016, go háirithe chun athruithe ar an dlí a chur chun cinn. Is iad na hathruithe sin nach féidir cíosa a athbhreithniú ach uair amháin gach 24 mhí agus nach mór do thiarna talún fógra 90 lá a thabhairt go bhfuil athbhreithniú beartaithe. Tá riachtanais nua ann do thiarnaí talún, leis, a fhéachann le tionóntacht a fhoirceannadh, trína bhféachtar le cruthúnas níos mó ar na cúiseanna leis an bhfoirceannadh, agus ní mór fógraí foirceanta níos faide a thabhairt.

Is tosaíocht a bheidh ann i 2016 feasacht ar an earnáil a chur chun cinn, chun go mbeidh an pobal ar an eolas faoin TBC, faoi na hathruithe ar an dlí agus ar fhreagrachtaí tiarna talún agus tionóntaí. Tá roinnt príomhghníomhaíochtaí geallta i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais don Tithíocht agus do Dhaoine gan Dídean Atógáil Éire, a foilsíodh in Iúil 2016, chun feabhsú a dhéanamh ar an earnáil cíosa, lena n-áirítear ról an Bhoird Tionóntachtaí Cónaithe a fheabhsú agus tuiscint ar chearta tiarna talún agus tionóntaí a mhéadú. Ba chóir go bhféachfadh aon fheachtas chun feasacht a mhéadú ní amháin le tionóntaí a chumhachtú ach cabhrú, leis, le tiarna talún a choinneáil sa mhargadh, chomh maith le tacú le hinfheistíocht thodhchaí.

“Ciallaíonn sin go mbeidh ról níos tábhachtaí ná riamh ag an BTC. Tá sé tábhachtach go gcuirfimis feasacht chun cinn ar an BTC agus ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil, agus go gcuirfimis oideachas ar ár ngeallsealbhóirí maidir lena gcuid ceart agus freagrachtaí.”



**CONAS A
FHAIGHIM
M'ÉARLAIS
AR AIS?**



**EADRÁIN DO THIONÓNTAÍ
AGUS TIARNAÍ
TALÚN – TÁ SÉ TAPA,
ÉASCA AGUS SAOR
IN AISCE.**



**TIONÓNTAÍ AGUS TIARNAÍ TALÚN
BÍODH DO CHEARTA
CÍOSA AR EOLAS AGAT**

CUAIRT RTB.IE
GLAOCH 0818 303037
DO FREAGRAÍ ➔



**AN EOL DUIT
GO BHFUIL AN
EADRÁIN TAPA
AGUS ÉASCA...
AGUS SAOR
IN AISCE?**



**BÍONN 69% D'FHÓGRAÍ
FOIRCEANTA
NEAMHBHAILÍ!
FÉACH RTB.IE
CHUN FÓGRAÍ
SAMPLACHA A
FHEICEÁIL.**



**TIONÓNTAÍ AGUS TIARNAÍ TALÚN
BÍODH DO CHEARTA
CÍOSA AR EOLAS AGAT**

CUAIRT RTB.IE
GLAOCH 0818 303037
DO FREAGRAÍ ➔



9

Seirbhís do Chustaiméirí

Díríonn an BTC i gcónaí ar chaighdeán ár seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú, trí oiliúint rialta agus oideachas don fhoireann chomh maith le huasghrádú an bhonneagair IT.

Cuirimid seirbhísí túsline ar fáil don chustaiméirí trí ionad teagmhála tiomnaithe, ina láimhseáiltear gach glao gutháin, ríomhphost, ceist ar líne lena n-áirítear Comhrá Gréasáin agus comhfhreagras scríofa. Déantar gach clárú tionóntachta agus iarratas díospóide a phróiseáil tríd an ionad teagmhála.

Tá ról ríthábhachtach ag an ionad teagmhála ó thaobh faisnéis a sholáthar dár gcustaiméirí maidir lena gcuid ceart agus freagrachtaí, chomh maith le mioneolas ar conas foirmeacha clárúcháin a líonadh isteach agus i dtaobh ár seirbhísí réitithe díospóide. Gheofar léargas ar a mhéad tacaíochta a chuirimid ar fáil do chustaiméirí, agus do thiarnaí talún agus tionóntaí i gcoitinne ón líon mór glaonna agus idirghníomhaíochtaí ar déileáladh leo i gcaitheamh na bliana. Fuarthas os cionn 117,000 glao agus 50,000 ríomhphost nach mór le linn 2015. Gheofar tuilleadh sonraí ar chineál na nglaonna agus an chomhfhreagrais thíos.

Glaonna

Fuaireamar 117,622 ghlao i 2015, i gcomparáid le 110,410 i 2014, arbh ionann é agus 6.5% de mhéadú. Ceisteanna ó thiarnaí talún agus ó thionóntaí maidir le clárú tionóntachtaí ab ea formhór na nglaonna. Thóg sé 51 soicind ar an meán glao a fhreagairt i 2015.

Figiúr 4.6





Figure 4.7

Glaonna Faighte sa bhliain




Mar a fheicfead ón ngráf thuas, is é an tríú ráithe den bhliain an t-am is gnóthaí dár n-ionad teagmhála, a bhuí, go príomha, do chlárú tionóntachtaí mac léinn tríú leibhéal.

Na Cineálacha Glaoiteoirí

Bunaithe ar líon na nglaoanna a freagraíodh i 2015, ba ó thiarnaí talún a tháinig formhór na nglaoanna, arb ionann é agus 62% go carnach sa bhliain; bhí tionóntaí sa dara háit le 22%, nach mór. Ó ghníomhairí agus ó thiarnaí talún a tháinig fuilleach na nglaoanna.

Figure 4.8


Cé a ghlaoih orainn?



117,622 ghlaoi i 2015,
i gcomparáid le **110,410** i 2014, arbh ionann é agus **6.5%** de mhéadú”

Figure 4.9

Líon na gCeisteanna Ríomhphoist



Ceisteanna ríomhphoist

Mhéadaigh líon na gceisteanna ríomhphoist de 16% nach mór i 2015 (6,695 de mhéadú) – ó 42,356 i 2014 go 49,051. Léiríonn an méadú seo an béim níos mó atá á cur ag an BTC ar sheirbhísí leictreonaice agus ar líne.

Gníomhaíochtaí ar líne

Bíonn an BTC i gcónaí ag lorg bealaí chun tacú lenár gcustaiméirí ar líne. I 2015, leathnaigh an BTC a chaidreamh lenár gcustaiméirí ar líne trí áis Chomhrá Gréasáin a thabhairt isteach.

Ceadaíonn Comhrá Gréasáin d'úsáideoirí ár dtairsí ar líne cumarsáid fhíor-ama a dhéanamh le gníomhairí inár n-ionad teagmhála. Tugadh an tseirbhís shimplí agus inrochtana comhrá ar líne isteach chun an tairseach ar líne a dhéanamh níos inúsáidte agus tacú le húsáideoirí a raibh fadhbanna úsáide acu clárúithe agus iarratais díospóidí a chríochnú ar líne. Is féidir é a úsáid, leis, chun cabhrú le húsáideoirí a bhfuil sé deacair orthu an tairseach a úsáid nó dul isteach ann. Tá seirbhísí Comhrá Gréasáin ar fáil idir 9 ar maidin agus 5 tráthnóna, Luan go hAoine.

Ó tugadh isteach é, bhí os cionn 10,500 comhrá gréasáin idirghníomhacha againn, nó 1,000 nó mar sin sa mhí. Bhí méadú suntasach, leis, ar chlárúithe ar líne ó tugadh isteach é.

Figure 5.0

Gníomhaíocht Chomhrá Gréasáin	
Iomlán na gComhráite Gréasáin go dtí seo	10,526
Meán na gComhráite Gréasáin Míosúla	1,053
Meánaga Freagartha	7 soicind
% de chlárúithe ar líne Meán Fómhair 2015	52%

Gearáin agus Aiseolas

I ngeall ar a éagsúla atá gníomhaíochtaí an BTC, tá raon leathan custaiméirí aige, lena n-áirítear daoine aonair as an bpobal, údarais áitiúla, ranna agus oifigí rialtais, agus mórchuid grúpaí deonacha agus ionadacha a mbíonn baint ag a ngnó lenár ngnó-san.

Tá sé an-tábhachtach dúinn seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar don chustaiméir. Dá bhrí sin, tá “Cairt do Chustaiméirí” curtha i dtoll a chéile ag an BTC, trína gcuirtear faisnéis riachtanach ar fáil d'úsáideoirí na seirbhíse le gur féidir leo gearán a dhéanamh, agus aiseolas mórluachmhar a sholáthar ar an tseirbhís atá faighte acu uainn. Gheofar cóip dá gCairt ar ár suíomh gréasáin, www.rtb.ie. Tá seoladh ríomhphoist tiomanta do ghearáin ag an BTC, leis, atá ar fáil do chustaiméirí ar mian leo gearán a dhéanamh: customer.service@rtb.ie.

Féachann an BTC le freagraí a thabhairt ar ghearáin custaiméirí a luaithis is féidir. Is é ár mbeartas gearáin a admháil laistigh de sheacht lá oibre ó fháil an ghearáin, agus déileáil leis an ngearán laistigh de 14 lá oibre.



I 2015, leathnaigh an BTC a chaidreamh lenár gcustaiméirí ar líneugh trí áis Chomhrá Gréasáin a thabhairt isteach

10 Rialachas an BTC

Cuimsíonn rialachas corparáideach córais agus nósanna imeachta trína ndéantar eagraíocht a stiúradh agus a bhainistiú.

Geallann an BTC na caighdeáin is airde rialachais corparáidigh a choimeád, agus comhlíonadh a dhéanamh ar na riachtanais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá cóid ullmhaithe agus glactha ag an BTC maidir le hiompar gnó do chomhaltaí an Bhoird, an Stiúrthóir agus an fhoireann, agus do bhreithneoirí agus eadránaithe. Tá straitéis corparáideach trí bliana agus plan gnó bliantúil ullmhaithe ag an BTC, leis.



Bord an BTC



1



2



3



4



5



6



7



8



9



10



11



12

1 Catriona Walsh

Cathaoirleach an Bhoird,
Aturnae

2 Paul Flood

Comhalta den Bhord,
Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta
Eastáit Fheidhmeannacht
na Seirbhíse Sláinte

3 James Leahy

Comhalta den Bhord,
Iarchomhalta de
Chomhairle Buirge Chill
Chainnigh agus Teicneoir IT

4 Noel Merrick

Comhalta den Bhord,
Gairmí Réadmhaoine

5 Noel Conroy

Comhalta den Bhord,
Iarchoimisinéir an Gharda

6 Rhonda Donaghey

Comhalta den Bhord,
Oifigeach Ceardchumainn

7 Tim Ryan

Comhalta den Bhord,
Comhairleach Caidreamh
Poiblí agus Gnóthaí Poiblí

8 Patricia Sheehy Skeffington

Comhalta den Bhord,
Aturnae

9 Joseph Meehan

Comhalta den Bhord,
An Roinn Coimirce Sóisialaí

10 Kathleen McKillion

Comhalta den Bhord,
Stiúrthóir Oibríochtaí,
Comhairle na hÉireann um
Thithíocht Shóisialta

11 John Fitzgerald

Comhalta den Bhord, Gairmí
Réadmhaoine

12 Gareth Robinson

Comhalta den Bhord,
Aturnae

“ Mar sheirbhís ghar-bhreithiúnach, is gealltanaisuntasach de chuid an Bhoird é maoirsiú a dhéanamh ar chinntí áirithe. ”

Dhá chomhalta déag neamhfheidhmiúcháin atá ar Bhord an BTC, a cheapann an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana a cheaptar na comhaltaí. Tá ról ar leith ag an gCathaoirleach agus ag an Stiúrthóir. Fostaítear Stiúrthóir lánaimseartha chun bainistíocht agus rialú ginearálta a dhéanann ar riarachán agus gnó an BTC.

Mar sheirbhís ghar-bhreithiúnach, is gealltanais suntasach de chuid an Bhoird é maoirsiú a dhéanamh ar chinntí áirithe. Chomh maith le cruinniú míosúil den Bhord, bíonn cruinnithe rialta aige chun críoch a chur le hOrdúithe Cinnidh a rinneadh de thoradh ár seirbhísí réitithe díospóide. Bhí 67 gcrúinniú ag an mBord i 2015 (59 i 2014), do ghnáthchruinnithe den Bhord agus chun déileáil le nithe a bhain le díospóidí.

Freastal na gComhaltaí ar Chruinnithe den Bhord 2015

Freastal Chomhaltaí an Bhoird ar Chruinnithe an Bhoird sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

Figiúr 5.1

Comhaltaí	Bord	Díospóidí	Iomlán
Catriona Walsh	10	25	35
Joe Meehan	9	0	9
Tim Ryan	11	37	48
Patricia Sheehy Skeffington	12	20	32
John Fitzgerald	11	53	64
Paul Flood	4	0	4
Kathleen Mc Killion	10	2	12
Rhonda Donaghey	3	9	12
Gareth Robinson	4	21	25
Noel Conroy	11	53	64
Noel Merrick	11	49	60
James Leahy	9	44	53
Líon iomlán na gCruinnithe	12	55	67

Ba é 67 (59 i 2014) líon iomlán chruinnithe an Bhoird i 2015.

Seo a leanas na táillí a bhí iníoctha i 2015 as dualgais a bhain leis an mBord:

Figure 5.2

Gníomhaíocht	Táillí
Cruinnithe agus Oiliúint don Bhord/Choiste	€196
Cruinnithe don Bhord/Choiste – Cathaoirleach	€217
Cruinnithe Díospóide	€329
Cruinnithe Díospóide – Cathaoirleach	€509
Binsí	€506*
Binsí – Cathaoirleach	€1,020*

* Áirítear táille tuarascála ar an tsuim seo.

Íocadh táillí arb ionann agus €305,983 iad i 2015 (€297,667 in 2014) le comhaltaí an Bhoird. Áirítear air seo gach táillí a íocadh le comhaltaí den Bhord i dtaca le cruinnithe den Bhord agus de choistí, agus aon táillí a íocadh as freastal ar imeachtaí oiliúna/bheith mar bhall de bhord agallaimh. Gheofar miondealú sa tábla thíos de na híocaíochtaí uile a rinneadh le comhaltaí den Bhord i 2015.

Figure 5.3

Luach saothair chomhaltaí an Bhoird 2015		
Comhalta Boid	Táillí 2015 €	Táillí 2014 €
Catriona Walsh	27,680	25,682
Joe Meehan	Nialas	Nialas
Tim Ryan	49,371	47,968
Patricia Sheehy Skeffington	37,795	56,661
John Fitzgerald	77,957	53,327
Paul Flood	Nialas	Nialas
Kathleen Mc Killion**	5,579	7,520
Rhonda Donaghey**	19,367	6,832
Gareth Robinson	18,098	38,176
Noel Conroy	25,330	20,354
Noel Merrick	23,400	25,035
James Leahy	21,405	12,787
Iomlán	305,982	294,342

Íoctar táillí Ms Rhonda Donaghey le Threshold, agus táillí Ms Kathleen McKillion le Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta. Cuirtear asbhaintí cánach i bhfeidhm sula ndéantar na híocaíochtaí.



Íocadh €28,246 le comhaltaí den Bhord i 2015 (€18,214.77 i 2014) i dtaca le costais taistil agus cothabhála a tabhaíodh as freastal ar chruinnithe agus ar Bhinsí, agus íocadh iad de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Leasanna Chomhaltaí an Bhoird

Tá nósanna imeachta glactha agus curtha chun feidhme ag an mBord chun aon choimhlint leasa a thiocfadh chun cinn a bhainistiú. Cuireadh na nósanna imeachta seo i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar coimhlintí leasa, cibé fíor nó braite, a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir leasanna an BTC agus leasanna na Stiúrthóirí, a bhainistiú de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

An Ard-Bhainistíocht

Cuimsíonn an Fhoireann Ardbhainistíochta Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóir Cúnta, atá freagrach as bainistíocht laethúil oibríochtaí an Bhoird Tionóntachtaí Cónaithe.



1 **Rosalind Carroll**
Stiúrthóir

2 **Kathryn Ward**
Stiúrthóir Cúnta le cúram as Forfheidhmiú.

3 **Janette Fogarty**
Stiúrthóir Cúnta le cúram as Seirbhísí Réitithe Díospóide.

4 **Padraig McGoldrick**
Stiúrthóir Cúnta le cúram as Airgeadas, TFC agus Cláruithe.

5 **Carmel Diskin**
Stiúrthóir Cúnta le cúram as Acmhainní Daonna, Rialachas Corparáideach agus an Innéacs Cíosanna.

6 **Brinsley Sheridan**
Stiúrthóir Cúnta le cúram as ICT.

Coistí an BTC

Tá sé cinn de choistí bunaithe ag an mBord chun cabhrú leis a fhreagrachtaí a chur i gcrích. Tionóladh coistí den BTC ar 46 ócáid i 2015 (51 i 2014).

An Coiste Airgeadais

Bhí dhá chruinniú déag ag an gCoiste Airgeadais in 2015. Breithníonn sé mionsonraí airgeadais agus beartas an Bhoird; athbhreithníonn buiséid agus tuarascálacha airgeadais; agus cuireann comhairle agus moltaí ar fáil don Bhord, don Stiúrthóir agus don ardbhainistíocht. Scrúdaíonn sé, leis, cuntais bhliantúla an Bhoird. Is eagraíocht féinmhaoinithe go hiomlán é an BTC ó bhí 2009 ann. Is comhalta de Bhord an BTC é gach comhalta den Choiste Airgeadais.

Figure 5.4

Freastal Chomhaltaí an Bhoird ar choistí sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015	
Comhalta Boid	Coiste Airgeadais
Catriona Walsh	10
Joe Meehan	6
Tim Ryan	10
Patricia Sheehy Skeffington*	4
John Fitzgerald	12
Paul Flood*	0
Kathleen Mc Killion	11
Rhonda Donaghey	0
Gareth Robinson*	0
Noel Conroy*	4
Noel Merrick	11
James Leahy	9
Líon iomlán na gcruinnithe	12

* Rinneadh comhaltaí den Choiste Airgeadais i Meán Fómhair 2015 de Mr Paul Flood, Mr Gareth Robinson, Ms Patricia Sheehy Skeffington agus Mr Noel Conroy

An Coiste Iniúcháireachta

Is é cuspóir an Choiste Iniúcháireachta cuidiú leis an mBord maoirsiú ginearálta a dhéanamh ar thuairisciú airgeadais, rialuithe inmheánacha agus feidhmeanna iniúchta an BTC.

Cúig chomhalta atá ar an gCoiste Iniúcháireachta, beirt acu atá ina gcomhaltaí den Bhord agus triúr atá taobh amuigh den BTC. Is é Joseph Meade, iar-Ombudsman Seirbhísí Airgeadais, cathaoirleach an Choiste, agus bhí ceithre chruinniú aige i 2015 (ceithre cinn i 2014).

Cuireadh ceithre cinn de thuarascálacha iniúchta inmheánaigh faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta i 2015.

Athbhreithníodh an Plean Iniúchta Inmheánaigh, 2013-2015, ag gach cruinniú, agus as sin tugadh faoi na hiniúchtaí seo a leanas nó tugadh chun críche iad i 2015:

- Iniúchadh ar an bPróiseas Díospóidí;
- Tuarascáil iar-oibre ar Athshlánú ó Thubaiste;
- Measúnú ar an Tionchar ar Phríobháideacht Chosaint Sonraí; agus
- Achomhairc agus Binsí.

Figure 5.5

Freastal Chomhaltaí an Bhoird ar an gCoiste sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015	
Comhaltaí Coiste	An Coiste Iniúcháireachta
Joseph Meade – Cathaoirleach	3
Dermot Byrne – Comhalta seachtrach	2
Paul Flood – Comhalta den Bhord	2
Damien Allen – Comhalta seachtrach	4
Gareth Robinson – Comhalta den Bhord	2
Líon iomlán na gcruinnithe	4



An Coiste Stiúrtha ICT

Gníomhaíonn an Coiste Stiúrtha ICT i gcáil chomhairleach, ag soláthar treorach ar rialachas ICT agus maoirsiú ar bhuiséad ICT.

Cúig chomhalta atá ar an gCoiste Stiúrtha TFC, beirt acu atá ina gcomhaltaí den Bhord agus ceathrar atá taobh amuigh den BTC. Is é Gareth Robinson, Abhcóide agus comhalta den Bhord, an cathaoirleach agus bhí ocht gcruinniú ag an gcoiste i 2015 (deich gcinn i 2014).

Figure 5.6

Comhaltaí an Choiste agus freastal ar chruinnithe den Choiste sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015	
Comhalta den Bhord	An Coiste Stiúrtha ICT
Gareth Robinson – Cathaoirleach, Comhalta den Bhord	4
James Leahy – Comhalta den Bhord	7
Denis Carty – Comhalta seachtrach	8
Aidan Sullivan – Comhalta seachtrach	6
Paul Dowling – Comhalta seachtrach	7
Dera Mc Loughlin** – Comhalta seachtrach	0
James Duffy * – Comhalta seachtrach	5
Líon iomlán na gcruinnithe	9

* Ceapadh James Duffy ina chomhalta den Choiste an 26 Meitheamh 2015

** D'éirigh Dera Mc Loughlin as an gCoiste i mí Feabhra 2015

An Coiste Reachtaíochta, Cleachtais agus Nósanna Imeachta

Fochoiste den Bhord is ea an Coiste Reachtaíochta, Cleachtais agus Nósanna Imeachta. Is í príomhfheidhm an Choiste cúnamh agus comhairle a thabhairt don Bhord ó thaobh fheidhmiú fheidhm reachtúil an Bhoird de chomhairle a thabhairt don Aire ar nithe beartais, lena n-áirítear oibriú an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, arna leasú agus na leasuithe atá molta ar an reachtaíocht sin.

Naoi gcomhalta atá ar an gCoiste Reachtaíochta, Cleachtais agus Nósanna Imeachta, seisear acu atá ina gcomhaltaí den Bhord agus triúr atá taobh amuigh den BTC. Is é Finian Matthews, státseirbhíseach ar scor, an cathaoirleach agus bhí deich gcruinniú ag an gcoiste i 2015 (deich gcinn i 2014).

Figure 5.7

Comhaltaí an Choiste agus freastal ar chruinnithe den Choiste sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015	
Comhaltaí Coiste	An Coiste Reachtaíochta
Finian Matthews – Cathaoirleach, Comhalta seachtrach	9
Catriona Walsh – Comhalta den Bhord	1
John Fitzgerald – Comhalta den Bhord	7
Noel Conroy – Comhalta den Bhord	8
Noel Merrick – Comhalta den Bhord	3
Patricia Sheehy Skeffington* – Comhalta den Bhord	10
Tim Ryan * – Comhalta den Bhord	4
Anne Colley – Comhalta seachtrach	9
Karen Murphy – Comhalta seachtrach	7
Líon iomlán na gcruinnithe	10

* Athcheapadh Mr Tim Ryan agus Ms Patricia Sheehy Skeffington ar an gCoiste an 29 Bealtaine 2015

An Coiste Taighde, Oideachais agus Feasachta agus Caidreamh Poiblí

Bunaíodh an Coiste Taighde, Oideachais agus Feasachta agus Caidreamh Poiblí an 31 Eanáir 2014, tar éis é a chomhnascadh leis an gcoiste Caidrimh Phoiblí. Is é a shainordú a mholadh don Bhord an taighde a bheadh cuí, riachtanach nó inmhianaithe a dhéanamh, ag féachaint d'fhreagracht an Bhoird maidir le soláthar comhairle don Aire ar an mbeartas i dtaca leis an earnáil cíosa. Déanann sé maoirsiú ar na geallsealbhóirí agus oibríonn sé leo chun feasacht ar an BTC a chur chun cinn, agus chun cur le feasacht agus oideachas tiarnaí talún agus tionóntaí maidir lena gcuid ceart agus freagrachtaí.

Dáréag comhaltaí atá an gCoiste seo – cúigear comhalta den Bhord agus seachtar atá taobh amuigh den BTC. Is é Tim Ryan, comhalta den Bhord, an cathaoirleach agus bhí cúig chruinniú ag an gcoiste i 2015 (trí cinn i 2014).

Figure 5.8

Comhaltaí an Choiste agus freastal ar chruinnithe den Choiste sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015	
Comhaltaí Boird	An Coiste Taighde, Oideachais agus Feasachta agus Caidreamh Poiblí
Tim Ryan – Cathaoirleach, Comhalta den Bhord	4
John Fitzgerald – Comhalta den Bhord	5
Noel Conroy – Comhalta den Bhord	5
Patricia Sheehy Skeffington – Comhalta den Bhord	5
Noel Merrick – Comhalta den Bhord	0
Bob Jordan – Comhalta seachtrach	4
Caren Gallagher – Comhalta seachtrach	3
Kersten Mehl – Comhalta seachtrach	5
Lorcan Sirr * – Comhalta seachtrach	3
Thomas J. Reilly – Comhalta seachtrach	5
John Leahy – Comhalta seachtrach	5
Eoin O'Sullivan ** – Comhalta seachtrach	0
Líon iomlán na gcruinnithe	5

* Rinneadh comhalta de Choiste Taighde, Oideachais agus Feasachta agus Acmhainní Daonna de Lorca Sirr an 31 Iúil 2015

** D'éirigh Eoin O'Sullivan as an gCoiste Taighde, Oideachais agus Feasachta agus Acmhainní Daonna an 8 Feabhra 2015

An Coiste Réitithe Díospóidí

Is é Coiste Réitithe Díospóide (CRD) an BTCP an painéal óna dtarraingítear comhaltaí na mBinsí Tionóntachta ar a mbíonn triúr. Ós rud é nach féidir cinntí Binse a achomharc ach ar phointe dlí leis an Ard-Chúirt, tugann comhaltaí an CRD faoi fheidhm thábhachtach ghar-bhreithiúnach. éanann na Binsí, ar chur i gcrích éisteachta, cinneadh agus cuireann siad an Bord ar an eolas faoin gcinneadh, de bhun Alt 108(1) den Acht. Tionóladh 436 éisteacht Binse i 2015. Cealaíodh 150 Binse eile roimh an éisteacht, de bhrí gur aistarraing an t-achomharcóir an t-achomharc.

Figure 5.9

Luach saothair chomhaltaí an Bhinse 2015			
Ainm an Chomhalta den Choiste RD	Cathaoir-leach	Comhalta den Phainéal	Méid €
Aidan Brennan	21	70	40,695.00
Andrew Nugent	4	26	9,562.00
Anne Colley	12	21	13,361.00
Brian Murray	6	23	9,901.00
Catriona Walsh*	5	3	3,819.00
Ciara Doyle	10	19	10,805.00
Dairine Mac Fadden	9	22	11,300.00
Deirdre Bignell	11	18	15,542.00
Dervla Quinn	18	26	14,685.00
Elizabeth Maguire	7	18	10,592.00
Eoin Byrne	12	21	12,478.00
Finian Matthews	34	87	49,670.00
Gareth Robinson*	9	10	8,680.00
Gene Feighery	28	95	49,920.00
Gerard N Murphy	8	18	10,263.00
Healy Hynes	5	24	8,900.00
Helen-Claire O'Hanlon	8	20	11,340.00
Jack Nicholas	3	17	6,891.00
James Egan	7	21	9,732.00
John FitzGerald*	66	6	51,736.00
John Keane	9	17	10,198.00
John Keaney	3	27	8,078.00
John Tiernan	39	77	50,888.00
Kevin Baneham	8	20	11,793.00
Louise Moloney	15	33	21,542.00
Mary Doyle	6	18	11,096.00
Mervyn Hickey	8	22	10,662.00
Nesta Kelly	17	35	21,044.00
Orla Coyne	17	43	27,648.00
Patricia Sheehy Skeffington*	29	2	23,313.00
Peter Shanley	6	14	7,729.00
Roderick Maguire	11	24	15,789.00
Rosemary Healy-Rae	6	8	5,050.00
Siobhan Phelan	11	14	4,810.00
Suzy Quirke	6	20	9,273.00
Thomas Reilly	20	97	47,056.00
Tim Ryan*	28	4	29,954.00
Vincent P Martin	36	81	49,076.00
IOMLÁN			€724,871.00



Cuir san áireamh go léiríonn an méid thuas na híocaíochtaí a rinneadh le comhaltaí Binse i 2015, agus is féidir go mbaineann líon beag de na híocaíochtaí thuas le hobair a rinneadh go déanach i 2014. San áireamh san fhiigiúr seo tá €15,092 de chostais oiliúna agus €3,920 de chostais cruinnithe.

Ba é €420,102 an méid a íocadh le comhaltaí de Bhinsí i 2014. Ba thoradh é an méadú suntasach ar chostas Binsí idir 2014 agus 2015 ar an méadú ar líon na gcásanna Binse, ó 249 i 2014 go 436 i 2015.

* Comhalta Boird

Íocaíochtaí le Breithneoirí/Eadránaithe 2015

Is é ceann de phríomhfheidhmeanna an BTC seirbhísí réitithe díospóidí a sholáthar do thiarnaí talún agus tionóntaí. Chun neamhchlaon, trédhearcach agus cothroime a chinntiú sa phróiseas réitithe díospóidí, is ceapacháin neamhspleácha iad Breithneoirí agus tugann siad faoin bhfeidhmeanna i gcáil féinriartha.

Tar éis comórtas dian oscailte, faoi stiúir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, ar son an BTC ag deireadh 2014, ceapadh an painéal reatha Breithneoirí agus Eadránaithe go ceann tréimhse trí bliana le cois. Íoctar buntáille €616 sa lá le breithneoirí as trí éisteacht, nó €616 as trí cinn d'eadránaithe teileafóin inar n-aontaíonn an dá pháirtí dul isteach sa phróiseas eadrána. Bítear ag súil go gcuirfidh Breithneoirí agus Eadránaithe isteach a gcuid tuarascálacha laistigh de dheich lá ón éisteacht maidir le cásanna neamhthosaíochta agus laistigh de sheacht lá maidir le cásanna tosaíochta.

Figure 6.0

Íocaíochtaí le breithneoirí/eadránaithe 2015				
Sealbhóir poist	Adj/Med	Oiliúint	Eile	Iomlán
Aisling Fair	20,328.00	588.00	0.00	20,916.00
Angela Becker	23,408.00	196.00	0.00	23,604.00
Brian Whelan	56,672.00	588.00	0.00	57,260.00
Caitriona O'Connor	20,328.00	588.00	0.00	20,916.00
Catherine McGuigan	19,712.00	0.00	0.00	19,712.00
Chris McDermott	20,944.00	784.00	0.00	21,728.00
Ciara Fitzgerald	9,240.00	0.00	0.00	9,240.00
Cynthia Lennon	19,712.00	392.00	0.00	20,104.00
David Duncan	63,448.00	784.00	0.00	64,232.00
Deirdre Bignell	4,928.00	392.00	0.00	5,320.00
Deirdre McGowan	14,168.00	196.00	0.00	14,364.00
Denis Kelliher	16,632.00	588.00	0.00	17,220.00
Dermot Sheehan	17,864.00	196.00	0.00	18,060.00
Eithne Corry	23,408.00	784.00	0.00	24,192.00
Emma Synnott	24,024.00	588.00	0.00	24,612.00
Eoin Byrne	7,392.00	392.00	0.00	7,784.00
Frank Brady	57,904.00	588.00	588.00	59,080.00
Gerard N Murphy	3,080.00	392.00	0.00	3,472.00
Healy Hynes	660.00	392.00	0.00	1,052.00
Helen-Claire O'Hanlon	4,312.00	588.00	196.00	5,096.00
Jack Nicholas	1,232.00	588.00	196.00	2,016.00
James Egan	4,928.00	196.00	0.00	5,124.00
John Keane	9,856.00	392.00	0.00	10,248.00
Kevin Baneham	7,392.00	196.00	784.00	8,372.00
Laura Farrell	17,864.00	588.00	0.00	18,452.00
Lauren Tennyson	22,176.00	392.00	0.00	22,568.00
Linda Brophy	28,336.00	784.00	0.00	29,120.00
Louise Beirne	13,552.00	0.00	0.00	13,552.00
Marissa O'Keeffe	6,776.00	588.00	0.00	7,364.00
Mark Kane	31,416.00	784.00	0.00	32,200.00
Mema Byrne	16,632.00	392.00	0.00	17,024.00
Mervyn Hickey	4,312.00	588.00	196.00	5,096.00
Órla Ryan	16,632.00	588.00	0.00	17,220.00
Sarah Brophy	33,880.00	392.00	196.00	34,468.00
Shaun Smyth	20,944.00	588.00	0.00	21,532.00
Sheila Young	3,080.00	196.00	0.00	3,276.00
Simon Brady	31,416.00	588.00	0.00	32,004.00
Stephen Brady	18,480.00	392.00	0.00	18,872.00
Steven Dixon	23,408.00	588.00	0.00	23,996.00
Susan Fay	16,016.00	784.00	0.00	16,800.00
Thomas Dowling	7,392.00	392.00	0.00	7,784.00
IOMLÁN	€763,884.00	€19,012.00	€2,156.00	€785,052.00

Ba é €666,936 an méid iomlán a íocadh le Breithneoirí/Eadránaithe maidir le héisteachtaí agus táillí oiliúna i 2014.



Soláthar sa BTC i 2015

Deimhníonn an BTC go gcomhlíontar nósanna imeachta soláthair i ndáil le tairiscintí iomaíocha. Áirítear air sin go gcloítear le treoirlínte náisiúnta agus na Treoracha AE ábhartha araon, lena mbaineann fórsa an dlí sa Stát seo. Tairiscint iomaíoch an gnáthnós imeachta a úsáideann an BTC sa phróiseas soláthair. Tugann gach tairiscint a eisítear aird chuí ar na tairseacha luacha do chur chun feidhme na rialacha soláthair.

Cloíonn an BTC le riachtanais soláthair phoiblí agus tairiscintí nó luachálacha á n-iarraidh. I 2015, cheadaigh an Bord nó an Stiúrthóir roinnt conarthaí mar a thuairiscítear thíos, tar éis tairiscintí poiblí cuí:

- Feachtas Fógraíochta Oideachais agus Feasachta – Javelin Advertising Ltd – Aibreán 2015
- Oibreacha feistithe agus athchóirithe – BCB Contracting Group – Deireadh Fómhair 2015
- Luathscríbhneoireacht agus Trascriobh – Wordwave International Limited (ag trádáil mar DTI) – Samhain 2015

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997/An Rialachán um Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála, 2002

Tá an BTC meabhrach ar na freagrachtaí atá air faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus faoin Rialachán um Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála, 2002 agus tá na próisis agus na nósanna imeachta cuí bunaithe aige le cinntiú go ndéantar gach íocaíocht de réir na rialachán seo. Ba é €419.26 (nialas i 2014) an t-ús agus na pionóis ar shonraisc a íocadh go déanach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015.

An tAcht um Nochtadh faoi Chosaint, 2014

Ceanglaíonn an tAcht um Nochtadh faoi Chosaint, 2014, ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a choimeád chun déileáil le nochtuithe faoi chosaint, agus chun faisnéis scríofa a sholáthar d'fhostóirí maidir leis na nósanna imeachta seo. Le linn 2015, ní dhearna aon fhostaí den BTC nochtadh faoi chosaint faoi théarmaí na reachtaíochta.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Tháinig an BTC faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 (Acht SF, 2014) an 14 Aibreán 2015. Fuaireamar 19 n-iarraitas SF i 2015. Tháinig ár Scéim Foilseacháin i bhfeidhm an 14 Aibreán 2015 agus tá sé ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

Ní bhfuarthas aon iarraitas i 2015 faoi na rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Tá an BTC cláraithe mar rialaitheoir sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Oibríonn an BTC de réir Bheartas Cosanta Sonraí foirmiúil, mar a aontaíodh le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. Fágann sé go bhfuil an BTC ar thús cadhnaíochta ó thaobh nósanna imeachta cosanta sonraí, ionas go gcosnaítear ceart bunúsach an duine ar phríobháideachta agus tá smacht ag an gcomhlacht ar an tslí ina bhféadfaí sonraí pearsanta a chur ar fáil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

An tAcht um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995

Tagann an BTC faoi threoir an Achta um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995, agus tá nósanna imeachta glactha aige chun an tAcht a chomhlíonadh. Dá réir sin, tá ráitis de leasanna déanta ag comhaltaí an Bhoird agus na hArdbhainistíochta mar chomhlíonadh ar fhorálacha an Achta. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm do nochtadh leanúnach a gcuid leasanna ag comhaltaí an Bhoird. Cuirtear an cheist sin ag tús gach cruinniú den Bhord.

Cánachas

Deimhníonn an BTC go gcomhlíontar na hachtanna cánach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm le cinntiú go bhfuil an Bord eiseamláireach ó thaobh a oibleagáidí faoi na dlíthe cánach a chomhlíonadh, agus go n-íoctar gach dliteanas cánach ar nó roimh an dáta dlite.

11 Airgeadas an BTC



AN BORD UM THIONÓNTACHTAÍ CÓNAITHE PRÍOBHÁIDEACHA

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

Clár

Faisnéis	55
Tuarascáil an ard-reachtair cuntas agus ciste	56
Ráiteas ar fhreagrachtaí an bhoird	57
Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais	58
Ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí Ioncaim coinnithe	59
Ráiteas ar ioncam cuimsitheach	60
Ráiteas ar an staid airgeadais	61
Ráiteas ar shreafaí airgid	62
Nótaí leis na ráitis airgeadais	63



Faisnéis

Comhaltaí den bhord tionóntachtaí cónaithe príobháideacha - 2015

Ms Catriona Walsh	Dlíodóir (Cathaoirleach)
Mr Joseph Meehan	Státseirbhíseach, an Roinn Coimirce Sóisialaí
Mr Tim Ryan	Sainchomhairleoir Caidreamh Poiblí
Ms Tricia Sheehy Skeffington	Aturnae
Ms Rhonda Donaghey	Oifigeach Ceardchumainn
Mr John FitzGerald	Gairmí Réadmhaoine
Mr Noel Merrick	Gairmí Réadmhaoine
Mr Paul Flood	Bainisteoir Eastát, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Mr Gareth Robinson	Aturnae
Mr Noel Conroy	Iar-Choimisinéir den Gharda
Ms Kathleen McKillion	Stiúrthóir Oibríochtaí, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
Mr James Leahy	Teicneoir IT

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Ceanglaíonn Alt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, ar an Stiúrthóir na Ráitis Airgeadais a ullmhú i cibé foirm a d'fhéadfadh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a shonrú agus de réir phrionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo. Ní mór do Bhord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Stiúrthóir agus ar an mBord:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh;
- A rá cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- Na cuntais a ullmhú ar bonn gnóthais leantaigh, ach amháin más neamhchuí a cheapadh go leanfaidh an Bord dá ghnó.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a insíonn tráth ar bith stádas airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 178 den Acht. Tá an Bord freagrach as a chinntiú go seoltar gnó an Bhoird ar shlí chuí normálta agus as gach sócmhainn faoina rialú oibríochtúil a chosaint agus as sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Rosalind Carroll

Stiúrthóir

Date: 30 Meán Fómhair 2016

Catriona Walsh

Cathaoirleach

Date: 30 Meán Fómhair 2016

Ráiteas ar an Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Chomhaltaí an Bhoird Tionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, admhaím an fhreagracht atá orainn córas éifeachtach rialaithe inmheánach airgeadais a choinneáil agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú amach is amach, a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, bearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus earráidí ábhartha agus mírialtachtaí eile a chosc nó go bhféadfaí iad a bhrath go tráthúil. Agus a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánach airgeadais á mheas, féachann an Bord agus a Choiste Iniúcháireachta i measc nithe eile do riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Na príomhnósanna imeachta rialaithe

Tá na bearta seo a leanas déanta ag an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha le timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú:

- a chinntiú go gcomhlíonann an Bord lena oibleagáidí airgeadais faoin Acht;
- a chinntiú go dtugtar cuntas cuí ar gach sócmhainn agus dliteanas;
- freagrachtaí bainistíochta atá sainithe go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun clistí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go ndéantar beart cuí ceartúcháin;
- fo-choistí cuí den Bhord a bhunú chun aird níos mó a thabhairt ar réimsí ar leith.

Tá aontaithe ag comhaltaí an Bhoird gurb é an Stiúrthóir agus foireann an Bhoird (faoi réir tharmhigin an Stiúrthóra) atá freagrach as nithe oibríochtúla.

Bunaítear an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais laistigh den Bhord Tionóntachtaí Cónaithe Príobháideachta ar chreat d'eolas rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmhigin agus cuntasachta. Áirítear air go sonrach:

- córas cuimsitheach buiséadta agus buiséad bliantúil a dhéanann an Fheidhmeannacht agus an Bord a athbhreithniú agus a aontú;
- athbhreithniú rialta a dhéanann an Fheidhmeannacht agus an Bord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmiúlacht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí;
- treoirlínte sainithe maidir le soláthar, tairiscintí agus infheistíocht chaipitil.

Is éard a bhíonn mar bhonn eolais faoin athbhreithniú a dhéanaim ar an gcóras rialaithe inmheánaigh obair an Choiste Iniúcháireachta, na foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin, a bhfuil sé de chúram orthu an creat rialaithe airgeadais a cheapadh agus a chothabháil, agus tuairimí a thug an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir don bhainistíocht nó i dtuarascálacha eile.

Lean an Bord dá chuid oibre chun méid agus dóchúlacht an riosca ghnó a fháil amach do 2015 agus leanfar den obair sin i 2016.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním gur sheol an Bord athbhreithniú ar a éifeachtaí atá córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir leis an mbliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2015.

Catriona Walsh

Cathaoirleach

Date: 30 Meán Fómhair 2016



Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí

Ioncaim Coinnithe

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 €	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 €
Ioncam			
Táillí clárúcháin	2	10,946,779	12,073,140
Suimeanna dlite d'údaráis áitiúla	7	(2,189,418)	(2,414,629)
Táillí clárúcháin arna gcoinneáil ag an mBord		8,757,361	9,658,511
Táillí díospóide		90,410	95,235
Ioncam eile	3	103,076	109,419
Cistiú pinsin iarchurtha	10c	1,741,000	230,000
Aistriú ón gcuntas caipitil	8	116,805	383,754
		10,808,652	10,476,919
Caiteachas			
Costais foirne	4a	(3,644,490)	(2,054,121)
Costais riaracháin	4b	(9,308,370)	(7,540,784)
Dímheas	5	(429,866)	(440,977)
		(13,382,726)	(10,035,882)
Barrachas (Easnamh) don bhliain	9	(2,574,074)	441,037
Barrachas (Easnamh) carnach don bhliain) 1 Eanáir		3,839,716	3,398,679
Barrachas (Easnamh) carnach don bhliain) 31 Nollaig		1,265,642	3,839,716

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-15.

Rosalind Carroll

Stiúrthóir

Date: 30 Meán Fómhair 2016

Catriona Walsh

Cathaoirleach

Date: 30 Meán Fómhair 2016

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

		An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014
	Nótaí	€	€
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		(2,574,074)	441,037
Gnóthachain (caillteanas) ó thaithí ar an scéim pinsin	10d	51,000	80,000
Athruithe ar thoimhdí	10d	(1,512,000)	
Athruithe ar thoimhdí faoi luach reatha dhliteanais na scéime pinsin	10e	-	-
Gnóthachan/(caillteanas) aitheanta	10b	(1,461,000)	80,000
Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin		1,461,000	(80,000)
Iomlán an ghnóthachain aitheanta don bhliain		(2,574,074)	441,037

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-15.

Rosalind Carroll

Stiúrthóir

Date: 30 Meán Fómhair 2016

Catriona Walsh

Cathaoirleach

Date: 30 Meán Fómhair 2016



Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail ar 31 Nollaig 2015

	Nótaí	31 Nollaig 2015 €	31 Nollaig 2014 €
Sócmhainní Seasta			
Maoín, innealra agus trealamh	5	2,247,943	2,364,748
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	6	79,698	167,678
Airgead tirim agus a choibhéisí		6,935,012	8,836,984
		7,014,710	9,004,662
Suimeanna Iníoctha			
Méideanna dlite laistigh de bhliain	7	5,749,068)	(5,164,946)
Glansócmhainní reatha		1,265,642	3,839,716
Iomlán na nglansócmhainní Roimh phinsin		3,513,585	6,204,464
Cistiú pinsin iarchurtha	10c	4,602,000	1,400,000
Dlíteanais scéime pinsin	10b	(4,602,000)	(1,400,000)
Iomlán na nglansócmhainní		3,513,585	6,204,464
Arna n-ionadú ag			
Barrachas carntha		1,265,642	3,839,716
Cuntas caipitil	8	2,247,943	2,364,748
		3,513,585	6,204,464

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-15.

Rosalind Carroll

Stiúrthóir

Date: 30 Meán Fómhair 2016

Catriona Walsh

Cathaoirleach

Date: 30 Meán Fómhair 2016

Ráiteas ar Shreafaí Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 €	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 €
Réiteach an bharrachais oibriúcháin leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas / (Easnamh) oibriúcháin don bhliain	9	(2,574,074)	441,037
Dímheas	5	429,866	440,977
Ús tuillte	3	(39,283)	(55,266)
Aistriú chuig an gcuntas caipitil		(116,805)	(383,754)
Laghdú ar infháltais	8	87,980	(68,779)
Méadú ar shuimeanna iníoctha	7	584,122	(751,491)
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		(1,628,194)	(377,276)
Ráiteas ar an Sreabhadh Airgid			
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		(1,628,194)	(377,276)
Torthaí ar infheistíocht agus seirbhísí airgeadais			
Ús faighte	3	39,283	55,266
Glanchaiteachas caipitil			
Maoín, innealra agus trealamh	8	(313,061)	(57,223)
Laghdú ar airgead agus a chóibhéisí		(1,901,972)	(379,233)



Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bonn cuntasaíochta agus beartais shuntasacha cuntasaíochta a ghlac an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha. Cuireadh iad uile i bhfeidhm go comhsheasmhach ó cheann ceann na bliana agus sa bhliain roimhe.

a) Faisnéis ghinearálta

Bunaíodh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha faoin Acht um Thionóntaí Cónaithe 2004 agus tá ceannoifig aige i Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

Tá príomhchuspóirí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideachta leagtha amach i gCuid 8 Caibidil 1 den Acht sin mar seo a leanas:

Beidh na nithe seo a leanas mar phríomhchuspóirí an Bhoird:

- (a) díospóidí a réiteach idir tionóntaí agus tiarnaí talún,
- (b) sonraí i leith tionóntachtaí a chlár,
- (c) comhairle a sholáthar don Aire maidir le beartas i ndáil leis an earnáil cíosa phríobháideach,
- (d) treoirlinnte a fhorbairt agus a fhoilsiú maidir le dea-chleachtas ag na daoine sin a bhfuil baint acu leis an earnáil cíosa phríobháideach,
- (e) faisnéis a bhaineann leis an earnáil cíosa phríobháideach, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na leibhéil chíos a bhíonn i réim, a bhailiú agus a sholáthar,
- (f) i gcás gur cuí leis an mBord, taighde a sheoladh ar an earnáil cíosa phríobháideach agus faireachán a dhéanamh ar oibriú gnéithe éagsúla na hearnála cíosa príobháidí nó socrú a dhéanamh go ndéanfar taighde agus faireachán den sórt sin,
- (g) athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an Achta seo agus ar aon achtacháin ghaolmhara agus moltaí a thabhairt don Aire maidir leis an Acht seo nó na hachtacháin sin a leasú,
- (h) aon fheidhmeanna breise a shanntar don Bhord a chomhlíonadh.

Is Eintiteas Sochair Poiblí é an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha.

b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn, arna n-eisiúint ag an Financial Reporting Council (FRC), mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Seo é an chéad sraith de ráitis airgeadais de chuid an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha a ullmhaíodh de réir FRS 102. Ba é 1 Eanáir 2014 dáta an aistrithe go FRS 102. Níor dhein an t-aistriú go FRS 102 aon difear dá staid tuairiscithe airgeadais ná dá fheidhmíocht airgeadais.

c) An Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas airithe a thomhaistear mar luacha cóir, mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le comhthoil an Aire Airgeadais faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach sa déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha.

d) Airgeadra

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair i Euro (€) arb é sin airgeadra feidhmiúil an BTCP.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

e) loncam

Táillí Clárúcháin

Aithnítear ioncam ar iarratas a fháil chun tionóntachta a chlárú. Aithníonn an Bord foráil i dtaca le táillí a d'fhéadfaí a aisíoc le hiarratasóirí i gcásanna ina bhfuil an t-iarratas neamhiomlán nó ina n-íoctar an táille mhícheart. Leithdháiltear céatadán de na táillí clárúcháin a bhailíonn an Bord (20% faoi láthair) d'údaráis áitiúla ar mhaithe lena bhfeidhmeanna faoi na hAchtanna Tithíochta a chur i gcrích. Bunaítear an méid a íoctar le gach údarás áitiúil ar líon na gcigireachtaí a sheolann an t-údarás áitiúil sin mar chéatadán d'iomlán na gcigireachtaí a sheolann na húdaráis áitiúla uile. Bunaítear an méid a íoctar le húdaráis áitiúla ar threoir ón Aire. Áirítear na méideanna dlite d'údaráis áitiúla mar chreidiúnaí sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Táillí Díospóide

Aithnítear ioncam nuair a éistear iarratas díospóide..

Ioncam Eile

Is ionann ioncam eile agus ús a fhabhraítear ó thaiscí agus a choimeádtar le hinstitiúidí airgeadais eile, agus aon chostais dlí a gnóthaíodh i gcaitheamh na bliana.

loncam Úis

Is ionann ioncam eile agus ús a fhabhraítear ó thaiscí agus a choimeádtar le hinstiúidí airgeadais eile, agus aon chostais dlí a gnóthaíodh i gcaitheamh na bliana.

f) Maoín, Innealra agus Trealamh

Déantar maoin, innealra agus trealamh a rá ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe le haghaidh aon soláthar maidir le lagú. Déantar soláthar le haghaidh dímheas ar gach maoin, innealra agus trealamh ag rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bonn líne dírí thar a saolré ionchais eacnamaíoch, mar seo a leanas:

Feabhsuithe ar léasacht	5% Bliantúil
Daingneáin agus feisteas	10% Bliantúil
Trealamh oifige	20% Bliantúil
Trealamh ríomhairí agus forbairt bogearraí	20% Bliantúil

Is ionann luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, amhail is go raibh an tsócmhainn san aois agus sa riocht cheana féin a mbeadh súil leis ag deireadh a shaolré eacnamaíoch.

Má tá fianaise oibiachtúil ann de lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas ó lagú sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coinnithe sa bhliain.

g) Infháltais

Aithnítear infháiltas ar luach cóir, lúide soláthar d'fhiachas amhrasta. Is soláthar ar leith é an soláthar d'fhiachas amhrasta, agus bunaítear é i gcás ina bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an BTCP in ann gach méid atá dlíte dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiachas amhrasta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

h) Léasaí Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas ar cíos faoi léasaí oibriúcháin sa Ráiteas Caiteachais agus loncaim agus sna Cúlchistí loncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíri thar thréimhse an léasa, ach amháin i gcás méaduithe ar chíos atá nasctha leis an ráta ionchais boillscith; sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa.

i) **Airgead tirim agus a choibhéisí**

Áirítear ar airgead tirim agus a choibhéisí airgead ar láimh, taiscí ar glao sna bainc, infheistíochtaí leachtacha eile gearrthéarmacha le haibíochtaí bunaidh de thrí mhí nó níos giorra, agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc laistigh d'iasachtaí i ndlíteanais reatha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

j) Sochair d'Fhostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, dála pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear i bhfigiúr na Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais sochair atá carntha ag deireadh bliana.

k) Sochair Scoir

Tá scéim pinsin sochair shainithe i bhfeidhm ag an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (BTCB), a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó na hairgid atá ar fáil dó. Thug Ionstraim Reachtuil (I.R. Uimh. 625 de 2011) éifeacht do Scéim Pinsin an BTCB agus cheadaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil é le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Samhain 2011 (ag tosú le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Anuas air sin, oibríonn an BTCP Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe é, do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais pinsin na sochair pinsin a thuilleann fostaith sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Aithnítear méid atá comhionann leis an muirear pinsin mar ioncam mhéid atá sé in-aisghafa, agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar na Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is inaisghafa ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Is ionann dliteanais pinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú aoisliúntais iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheadh le haisghabháil i dtréimhsí sa todhchaí as an Státhiste arna soláthar ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

l) Airgeadraí Iasachta

Déantar idirbhearta a éiríonn in airgeadraí coigríche a aistriú go dtí an Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Cuirtear chun sochair an chuntais loncaim agus Caiteachais aon difríocht a thagann chun cinn ar a aistriú idir dátaí birt agus dátaí íocaíochta.

m) Cuntas Caipitil

Is ionann an Cuntas Caipitil agus méid neamh-amúchta an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

n) Breitheanna agus Meastacháin Criticiúla Cuntasaíochta

Agus iad i mbun ráitis airgeadais a ullmhú bíonn ar lucht bainistíochta breitheanna agus meastacháin a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar shuimeanna a thuairiscítear mar shócmhainní agus dliteanais ar dháta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear mar ioncaim agus caiteachais i gcaitheamh na bliana. Ach ciallaíonn nádúr an mheastacháin gur féidir nach ionann na meastacháin sin agus na torthaí iarbhir. Seo a leanas na meastacháin is mó a raibh tionchar acu ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Lagú ar mhaoin, innealra agus trealamh

Athbhreithnítear sócmhainní atá faoi réir amúchadh maidir le lagú uair ar bith a léiríonn imeachtaí nó athruithe cúinsí gur féidir nach mbeidh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear caillteanas ó lagú don tsuim trína sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim inghnóthaithe. Is é an tsuim inghnóthaithe an ceann is airde de luach cóir sócmhainne lúide costas díola agus luach in úsáid. Chun lagú a mheasúnú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid atá in-aitheanta go leithligh (aonaid giniúna airgid). Athbhreithnítear sócmhainní neamhairgeadais a lagaiódh ar mhaith le haisiompú féideartha an lagaithe ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá na Stiúrthóirí i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar fhad saoil sócmhainní agus luachanna iarmharacha gach rannóg de shócmhainní seasta, agus go háirithe fad saoil eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha feisteas agus daingneán, agus tá siad sé den tuairim go bhfuil na luachanna iarmharacha cuí.

Déanann an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha soláthar d'oibleagáidí dlí agus dearfacha, arb eol dó a bheith amuigh ag dáta deiridh na tréimhse. Déantar na soláthairtí seo de ghnáth bunaithe ar fhaisnéis stairiúil agus ar fhaisnéis ábhartha eile, coigeartaithe do threochtaí le deireanas, nuair ba chuí. Meastacháin is ea iad, áfach, ar chostas airgeadais imeachtaí ar féidir nach dtarlóidh siad go ceann roinnt blianta. Dá thoradh sin agus leibhéal na héiginnteachta a bhaineann le torthaí deiridh, féadfaidh difríocht shuntasach a bheith ann idir an toradh iarbhir agus an meastachán.

Faigheann an Bord iarratais agus táille ó thiarnaí talún chun tionóntachtaí a chlárú. Ceanglaíonn Alt 135 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 iarratais neamhiomlán nó iarratais gan an táille cheart a chur ar ais chuig an iarratasóir mar aon le haon táille a íocadh.

Bhí 4,132 iarratas ar láimh á phróiseáil ag 31 Nollaig 2015. Aithníonn an Bord soláthar i dtaca le táillí na n-iarratas seo a d'fhéadfaí a chur ar ais chuig an iarratasóir ar deireadh. Áirítear €383,866 de sholáthar maidir leis sin sna ráitis airgeadais.

Déanta nuashonrú bliantúil ar na toimhdí taobh thiar de na luachála achtúireacha a mbíonn méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais ina leith (rátaí lascaire, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí báis agus treochtaí i gcostais sláinte ar fad ina measc) bunaithe ar staid reatha an gheilleagair, agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsean agus iarphinsin.

(i) an ráta lascaire, athruithe i ráta brabúis ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán

(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, coinníollacha i margadh an tsaothair sa todhchaí

(iii) treochtaí i rátaí costas sláinte, an ráta boilscithe ar chostais sláinte sna réigiúin ábhartha.

B'ionann agus €10,946,779 (2014: €12,073,140) na táillí a fuarthas ó thiarnaí talún mar íocaíocht do chlárú a gcuid tionóntachtaí.

De réir threoir an Aire, a rinneadh faoi Alt 176(5) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, seo mar a dhéantar le hioncam ó tháillí clárúcháin a fhaigheann an BTCP:

Chuig Údaráis Áitiúla:

- 20% sa bhliain arb ionann é agus €2,189,418 (2014: €2,414,629).

Coinnithe ag an BTCP i leith a chostais riaracháin:

- 80% sa bhliain arb ionann é agus €8,757,361

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

3. Ioncam eile

	31 Nollaig 2015 €	31 Nollaig 2014 €
Ioncam ó ús	39,283	55,266
Ioncam ilghnéitheach	26	-
Costais dlí aisghafa	63,767	54,153
	103,076	109,419

4a. Costais foirne

	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 €	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 €
Foireann BTCP & ar iasacht	1,640,154	1,532,184
Costais pinsin	1,854,231	329,430
Oiliúint foirne agus sealbhóirí post	51,677	49,718
Costais leasa shóisialaigh	79,497	79,992
Costais eile foirne	18,931	62,797
	3,644,490	2,054,121

Líon na foirne:

B'ionann líon na foirne a d'fhostaigh an Bord sa bhliain agus 21 (2014:21). Tugadh 9 eile d'fhoireann ar iasacht don Bhord ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2014: 9), 2 ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (2014: 2), 1 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (2014: 1) agus 1 ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (2014: 0).

Tobhach Pinsin:

Asbhaineadh €44,747 de Thobhach Pinsin agus íocadh é leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. (2014: €42,369).

Miondealú ar Shochair Fostaithe:

Raon sochar iomlán na bhfostaithe		Líon na bhfostaithe	
Ó	GO	2015	2014
€60,000	€69,999	2	1
€70,000	€79,999	2	2
€80,000	€89,999	-	-
€90,000	€99,999	1	1

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

4b. Caiteachas riaracháin

	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 €	An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 €
Táillí chomhaltaí an Bhoird	181,785	161,029
Táillí chomhaltaí Binse	759,619	449,418
Táillí breithneoirí, eadránaithe agus eile	778,933	676,199
Binse cíosa (Nóta*)	27,106	5,331
Taisteal & cothabháil	71,000	57,157
Costais seachfhoinsithe	1,115,342	1,099,067
Táillí dlí & gairmithe	3,415,253	2,167,380
Táillí iniúchóireachta	11,699	11,500
Cuntasaíocht	67,892	58,264
Costais luathscríbhneoireachta	114,096	102,882
Costais cruinnithe	8,042	6,904
Soláthar oifige	80,863	23,884
Costais postais & dáileacháin	538,894	571,768
Costais cló & aistriúcháin	22,040	48,687
Costais teileafóin	47,508	39,687
Faisnéis phoiblí & oideachas	520,369	58,299
Costais & cothabháil ríomhairí	875,746	1,052,423
Costais teaghlachais	454,409	594,209
Seirbhísí glantóireachta	23,528	22,218
Staidéar taighde	48,919	178,704
Íocaíocht dhéanach i mbearta tráchtála	-	-
Ilghnéitheach	24,995	42,645
Táillí bainc	105,808	97,965
Stóráil & aisghabháil taifead	14,524	15,164
	9,308,370	7,540,784

Nótaí*: Áirítear air sin Comhaltaí Binsí Cíosa agus costais taistil agus cothabhála.



Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

5. Maoin, innealra agus trealamh

	Trealamh Ríomhaire & Forbairt Bogearraí €	Feabhsúcháin Léasachta €	Troscán & Feisteas €	Trealamh Oifige €	Iomlán €
Costas					
Iarmhéid Tosaigh	2,686,968	1,746,933	204,262	84,328	4,722,491
Breiseanna	301,475	7,843	3,743	-	313,061
Ag 31 Nollaig 2015	2,988,443	1,754,776	208,005	84,328	5,035,552
Dímheas					
Iarmhéid Tosaigh	1,529,527	605,170	138,718	84,328	2,357,743
Muirear don bhliain	321,720	87,480	20,666	-	429,866
Ag 31 Nollaig 2015	1,851,247	692,650	159,384	84,328	2,787,609
Glanluach na Leabhar					
Ag 31 Nollaig 2015	1,137,196	1,062,126	48,621	-	2,247,943
Ag 31 Nollaig 2014	1,157,441	1,141,763	65,544	-	2,364,748

6. Infháiltas

	31 Nollaig 2015 €	31 Nollaig 2014 €
Méideanna a dhlífear laistigh de bhliain		
Costais réamhíoctha	60,463	133,071
Ús infhaighte	4,955	28,082
Asbhaintí deonacha	13,793	6,038
Féichiúnaithe ilghnéitheacha	487	487
	79,698	167,678

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

9. Cóiríocht

I nDeireadh Fómhair 2007, shínigh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha comhaontú léasachta 20 bliain maidir lena n-áitreabh ag Teach Dhroichead Uí Chonaill, Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2. Cuimsítear clásal scoir sa léas ag deireadh bhliain 5 agus bhliain 10. B'ionann an ceangaltas bliantúil faoin léas seo ag deireadh na bliana agus €303,254. Beidh feidhm ag an gcéad chlásal scoir eile i Meán Fómhair 2017.

	31 Nollaig 2015 €
Dáta éaga:	
Idir 0 and 1 bhliain	303,254
Idir 1 and 2 bhliain	227,441
Idir 2 agus 5 bliana	-
Iomláin	530,695

10. Aoisliúntas

a) Anailís ar chostais iomlána pinsin a gearradh ar Chaiteachas

	31 Nollaig 2015 €	31 Nollaig 2014 €
Costas reatha seirbhíse * 1	126,968	126,807
Ús ar dhliteanais scéime pinsin	81,000	70,000
Caillteanas seirbhíse roimhe seo	1,500,000	-
	1,707,968	196,807
Pinsean (Foireann na Roinne)	146,263	132,623
	1,854,231	329,430

b) Gluaiseacht i nglandliteanas pinsin sa bhliain airgeadais

	31 Nollaig 2015 €	31 Nollaig 2014 €
Glandliteanas pinsin ag 1 Eanáir	(1,400,000)	(1,250,000)
Costas reatha seirbhíse	(160,000)	(160,000)
Costais seirbhíse roimhe seo *2	(1,500,000)	-
Costais úis	(81,000)	(70,000)
Caillteanas achtúireach	(1,461,000)	80,000
Easnamh ag deireadh bliana	(4,602,000)	(1,400,000)

*1 - Ríomhtar costais reatha seirbhíse glan ar ranníocaíochtaí fostaithe a aisíoctar leis an Roinn. B'iad na suimeanna a aisíocadh leis an Roinn €33,033 (2015) agus €33,193 (2014).

*2 - Tagann an caillteanas chun cinn de bharr dliteanais shuntasacha seirbhíse roimhe seo i gcas comhaltaí a d'oibrigh roimhe seo in eintitis seirbhíse poiblí eile agus a d'aistrigh na dliteanais sin isteach i scéim an BTCP ar bhonn "buille ar bhuille". De bhrí go n-aistrítear dliteanais iomlána fabhrúithe seirbhíse roimhe seo na gcomhaltaí seo ar an mbonn seo, is é costas seirbhíse roimhe seo an tslí is oiriúnaí le caitheamh leis na sochair sin.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

c) Maoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean

Cheadaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Scéim Pinsin an BTCP le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2011 (ag tosú le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Aithníonn an BTCP méideanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin a eascraíonn as an scéim pinsin ceadaithe seo ar bhunús sraith toimhdí ar a ndéantar cur síos in (e) agus roinnt imeachtaí san am atá thart. Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus más gá, an próiseas bliantúil meastachán.

Aithnítear an Glanmaoiniú larchurtha do Phinsin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, a bhí mar seo a leanas:

	2015 €	2015 €
Maoiniú in-aisghafa i dtaca le pinsean na bliana reatha	1,741,000	230,000
Deontas stáit a úsáideadh chun pinsinéirí a íoc	-	-
	1,741,000	230,000

Ba é an tsócmhainn maoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean ag 31 Nollaig 2015 €4,602,000 (2014: €1,400,000).

d) Stair na n-oibleagáidí i leith sochair shainithe

	2015 €	2015 €
Oibleagáidí Sochair Shainithe	4,602,000	1,400,000
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar Mhéid Dhliteanais na Scéime	(1,461,000)	80,000
Céatadán na nDlitéanais Scéime	(32%)	(6%)

e) Tuairisc ghinearálta ar an scéim

Socrú sochair shainithe tuarastal deiridh is ea an scéim sochair scoir agus sainítear na sochair agus na ranníocaíochtaí trí chomparáid a dhéanamh le rialúcháin “eiseamláireacha” i scéimeanna reatha san earnáil phoiblí. Soláthraítear faoin scéim pinsin (arb ionann é agus 1/80 in aghaidh gach bliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (méid is ionann agus trí ochtóid in aghaidh gach bliain seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é an 65ú breithlá an ghnáthaois scoir, agus tá sé de cheart ag baill roimh 2004 dul ar scor ó aois 60 ar aghaidh gan laghdú achtúireach. Is gnách do phinsin atá á n-íoc (agus pinsin iarchurtha) méadú ar aon dul le boilsciú ginearálta ar thuarastail san earnáil phoiblí.

Is é an Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”) an scéim sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013 de réir an Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Soláthairtí Eile) 2012. Foráiltear sa scéim le haghaidh pinsin agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair inphinsin gairme, agus ar phinsin céilí agus leanaí. Is é 66 bliana an íos-aois pinsin (ag dul i méid ar aon dul le hathruithe ar aois pinsin an Stáit). Tá áis luathscoir ó aois 55 laghdaithe go hachtúireach san áireamh ann.

Méadaíonn pinsin atá á n-íoc de réir phraghasinnéacs tomhaltóirí. Bhí comhalta amháin den Scéim Aonair ann i 2015.

Tá na torthaí thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais maidir leis an bhfoireann ag 31 Nollaig 2014. Achtúire neamhspleách cáilithe a rinne an luacháil ar mhaithe leis an gcaighdeán cuntasaióchta, *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 – Nochtuithe Plean Pinsin*.



Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Is iad na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais na scéime a ríomh:

	31 December 2015	31 December 2014
Ráta lascaíne	2.6%	5.5%
Toimhde faoi mhéadú ar thuarastal	3.1%	4.0%
Toimhde faoi mhéadú ar phinsean	2.6%	4.0%
Boilsciú praghsanna	1.6%	2.0%

11. Íocaíochtaí déanacha as idirbhearta tráchtála

Tá an Bord ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí faoi na Rialacháin um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála, 2002 agus bhunaigh siad nósanna imeachta agus próisis ábhartha lena chinntiú go ndéantar íocaíochtaí de réir na Rialachán. Ríomh an Bord gurb ionann a ndlíteanas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 agus €419 (2014: Nialas).

12. Cásanna nár réitíodh

Bhí 238 cás réitithe díospóide ar feitheamh éisteachta ag an mBord amhail an 31 Nollaig 2015. Toisc go mbíonn an costas as an bpróiseas réitithe díospóidí éagsúil i ngach cás, níl aon soláthar le haghaidh na gcásanna neamhréitithe sin a cláraíodh roimh an 31 Nollaig 2014 san áireamh sna Ráitis Airgeadais. Ina theannta sin, tá thart ar 130 cás ag céimeanna éagsúla d'imeachtaí forfheidhmithe trí na cúirteanna, nach bhfuil eolas faoina gcostais ar fáil fós agus níl aon soláthar déanta dóibh sna Ráitis Airgeadais.

13. Leasanna chomhaltaí an bhoird

Ghlac an Bord nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le leasa a nochtadh chomhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin ó cheann ceann na bliana. Ní raibh aon idirbheart ann maidir le gníomhaíochtaí an Bord ina raibh leas tairbheach ag comhalta ar bith den Bhord.

14. Luach saothair an stiúrthóra & chomhaltaí an bhoird

Luach saothair an Stiúrthóra

Tuarastal an Stiúrthóra €96,551

Tá an Stiúrthóir fostaithe faoi shocrú iasachta ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a íocann a tuarastal. Íodadh na méideanna a nochtadh thuas leis an Roinn mar aisíocaíocht tuarastail. Ní bhfuair an Stiúrthóir aon bhónais ná aon sochar comhchineáil i 2014. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Stiúrthóra na teidlíochtaí caighdeánacha a shonraítear sa scéim eiseamláireach aoisliúntais shochair shainithe de chuid na hearnála poiblí.

Íoctar táillí le Comhaltaí an Bhoird bunaithe ar a bhfreastal ar chruinnithe den Bhord agus de choistí den Bhord. Socraíonn an Roinn Airgeadais agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil rátaí na dtáillí.

Leagtar amach sa tábla thíos na táillí a íodadh in 2015. Tagraíonn na figiúirí d'íocaíochtaí iarbhair a rinneadh le Comhaltaí an Bhoird i rith 2015. Mar thoradh ar a gcineál, baineann cuid de na híocaíochtaí seo le cruinnithe ar freastalaíodh orthu i 2014.

Ríomhtar an figiúr a chuimsítear i Nóta 3b do Tháillí Chomhaltaí a Bhoird ar bhunús fabhráithe do gach cruinniú ar ar freastalaíodh i rith 2015, is cuma cibé uair a rinneadh na híocaíochtaí.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHALTAÍ DE BHORD AN PBTC 2015					
AINM	Cruinnithe Díospóide Tionóntachta	Binsí	Táillí Boird	Eile*	IOMLÁN
Catriona Walsh	13,743	3,231	6,930	3,776	27,680
Gareth Robinson	6,611	8,680	2,611	196	18,098
James Leahy	15,525	-	5,488	392	21,405
John FitzGerald	19,144	51,540	6,881	392	77,957
Kathleen McKillion**	658	-	4,725	196	5,579
Noel Conroy	18,666	-	6,272	392	25,330
Noel Merrick	17,499	-	5,705	196	23,400
Patricia Sheehy Skeffington	6,971	23,117	7,315	392	37,795
Rhonda Donaghey**	15,118	-	3,857	392	19,367
Tim Ryan	12,235	29,758	6,986	392	49,371
IOMLÁN	126,170	116,326	56,770	6,716	305,982

* Áirítear le 'Eile' íocaíochtaí a rinneadh maidir le hoiliúint (€3,724) agus agallóireacht (€2,992).

** Íoctar táillí Rhonda Donaghy Uasal le Threshold agus íoctar táillí Kathleen McKillion le Comhairle um Thithíocht Shóisialta na hÉireann. Cuirtear asbhaintí cánach i bhfeidhm sula ndéantar na híocaíochtaí sins. Den tsuim a íocadh le Ms Donaghey i 2015, bhain €6,832 le táillí Boird a d'fhabhraigh i 2014.

Níor íocadh aon táillí Boird leis na Comhaltaí seo a leanas den Bhord:

Mr Paul Flood


Mr Joseph Meehan

Íocadh amach €28,246 le Comhaltaí den Bhord, freisin, as taisteal agus cothabháil a bhain leis an bhfreastal a rinne siad ar chruinnithe agus ar Bhinsí. Íocadh iad de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

15. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais an 30 Meán Fómhair.

Rosalind Carroll Stiúrthóir



NOTAÍ



RTB

Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board

Déan teagmháil linn

Bosca Poist 47
Cloch na gCoillte
Co. Chorcaí

0818 30 30 37
01 702 8100

www.rtb.ie